Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11486/22**

**RC 44**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 337 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Tuarascáil ar an mBeartas Iomaíochta 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 337 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 337 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2022
COM(2022) 337 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar an mBeartas Iomaíochta 2021**

{SWD(2022) 188 final}

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar an mBeartas Iomaíochta 2021**

## Ábhar


1. Réamhrá ..... 2

2. A áirithiú go bhFanfaidh Rialacha Iomaíochta Oiriúnach don Todhchaí – Dul chun cinn ar an gClár Oibre Fairsing Beartais ..... 4

    2.1. Tionscnaimh reachtacha nua chun na huirlisí beartais iomaíochta a neartú ..... 4

    2.2. Rialacha agus treoraíocht maidir le cumaisc agus in aghaidh trustaí a nuashonrú chun iad a dhéanamh oiriúnach do dhúshláin nua ..... 5

    2.3. Rialacha agus treoraíocht maidir le Státchabhair a nuachóiriú chun iad a chur in oiriúint do dhúshláin nua ..... 8

    2.4. Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta a oiriúnú do riachtanais fhorfheidhmithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí ..... 14

3. Chuidigh Forfheidhmiú Beartais Iomaíochta leis an Aistriú Digiteach agus Margadh Aonair atá Láidir agus Athléimneach ..... 15

    3.1. Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach ..... 16

    3.2. Chuidigh rialú cumasc leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach ..... 19

    3.3. Chuidigh rialú Státchabhrach leis an aistriú digiteach agus le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair ..... 21

4. Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta leis an aistriú glas ..... 22

    4.1. Chuidigh rialú státchabhrach leis an aistriú Glas ..... 22

    4.2 Chuidigh forfheidhmiúcháin in aghaidh trustaí agus rialú cumaisc leis an aistriú glas ..... 24

5. Chuidigh Beartas Iomaíochta le Geilleagar a fhóireann do dhaoine ..... 25

    5.1. Seirbhísí airgeadais Eorpacha atá athléimneach ..... 25

    5.2. Státchabhair fhioscach agus buntáistí cánach roghnaitheacha ..... 27

    5.3. Lean an beartas iomaíochta de bheith ag maolú thionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID- 19 ..... 27

6. Cur le Chéile agus Cultúr Iomaíochta Eorpach agus Domhanda á Chruthú ..... 31

6.1. Beartas comhtháthaithe tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta ................................ 31
6.2. Comhar maidir le beartas iomaíochta ar fud an domhain ........................................ 32

## 1. Réamhrá

Sa Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2021, á díriú ag an gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, mínítear a thuilleadh na forbairtí is tábhachtaí maidir le beartas iomaíochta an Aontais agus forfheidhmiú an bheartais sin in 2021.

Tá an beartas iomaíochta ar cheann de bhunchlocha Mhargadh Aonair an Aontais Eorpaigh. Trí bhíthin fhorfheidhmiú láidir an bheartais iomaíochta, soláthraítear rogha, nuálaíocht, cáilíocht agus praghsanna iomaíocha do gnólachtaí agus do thomhaltóirí na hEorpa. I gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin, trí bhíthin fhorfheidhmiú an bheartais iomaíochta, cothaítear iomaíocht i dtreo athshlánú i ndiaidh na paindéime agus geilleagar níos glaise, níos digití, níos athléimní agus níos ionchuimsithí san Aontas Eorpach.

Tacaíonn Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach le fiontraíocht ag gach céim, cuireann sé ar chumas gnólachtaí de gach méid an leas is mó is féidir a bhaint as scála an Mhargaidh Aonair agus an scála sin a úsáid mar bhuntáiste iomaíoch chun dul san iomaíocht níos fearr i ngeilleagar domhandaithe. Ní mór go mbeadh beartas iomaíochta an Aontais éifeachtach agus á fhorfheidhmiú go comhsheasmhach agus ní mór dó a bheith solúbtha go leordhóthanach chun déileáil leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí freisin.

In 2021, faoi cheannaireacht an Leas- Uachtaráin Feidhmiúcháin Vestager, lean an beartas iomaíochta dá ról tábhachtach a imirt i bhfreagairt an Aontais ar an ngéarchéim, rud a léirigh an cumas atá aige freagra tapa a thabhairt ar athruithe tobanna sa gheilleagar. Leis an gCreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID- 19, cuireadh ar chumas na mBallstát tacaíocht chomhréireach agus an tacaíocht ba ghá a thabhairt do ghnólachtaí a bhí inmharthana go dtí gur cuireadh i mbaol iad mar gheall ar an bpaindéim. Leag an Coimisiún bealach amach freisin chun bearta a bhain leis an bpaindéim faoin gCreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach a chéimniú amach go forchéimnitheach, agus chun bearta chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh agus a chomhchruinniú. Chun an tionchar diúltach sóisialta agus eacnamaíoch ar an Aontas mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin a laghdú, bainfidh an Coimisiún úsáid arís as solúbthacht bhosca uirlisí an bheartais maidir le Státchabhair. Tabharfaidh sé caoi do na Ballstáit na héifeachtaí eacnamaíocha a íoslaghdú gan iomaíocht san Aontas a shaobhadh níos mó ná mar a bhfuil fíorghá leis.

Lean an Coimisiún dá chuid oibre chun margaí a chur ag obair níos fearr do shaoránaigh agus do ghnólachtaí de gach méid trí bhíthin rialacha iomaíochta an Aontais a fhorfheidhmiú sna réimsí in aghaidh trustaí, rialú cumaisc agus rialú státchabhrach – san earnáil dhigiteach agus in earnálacha eile – fad a cuireadh sainiúlachtaí gach margaidh san áireamh. Rinne an Coimisiún é sin agus é ag obair i gcomhar le húdaráis iomaíochta náisiúnta na mBallstát agus faoi ghrinnscrúdú chúirteanna an Aontais.

Mar a leagtar amach sa *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua*[1], tá athbhreithniú nach bhfacthas a leithéid riamh cheana á dhéanamh ag an gCoimisiún ar bheartas iomaíochta an Aontais, lena gcumhdaítear níos mó ná 20 sraith rialacha ar chuspóir dóibh a áirithiú go seasfaidh ionstraimí beartais an Aontais an aimsir agus go dtacóidh siad le haistrithe glasa agus digiteacha an Aontais, leis an bpróiseas téarnaimh, leis an bhfreagairt ar fhorbairtí eacnamaíocha agus le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair a chothú.

Tá an Coimisiún i mbun ionstraimí nua a chur leis na huirlisí beartais iomaíochta freisin, ionstraimí atá deartha chun dul i ngleic le fóirdheontais eachtracha agus geatóirí digiteacha. I mí na Bealtaine 2021, chuir an Coimisiún togra síos le haghaidh Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach[2]. In 2021, rinne comhreachtóirí dul chun cinn suntasach a mhéid a bhaineann le togra an Choimisiúin maidir le hIonstraim um Margaí Digiteacha.




In 2021, lean an Coimisiún d'éifeachtúlacht a oibríochtaí um fhorfheidhmiú beartais iomaíochta a mhéadú. Lean Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta dá hiarrachtaí a próisis láimhseála cásanna a dhigitiú. Rinneadh athruithe ollmhóra le linn na bliana freisin maidir le hacmhainní airgeadais a imscaradh díreach chuig forfheidhmiú an bheartais iomaíochta trí bhíthin buiséad oibriúcháin tiomnaithe. Le Clár an Mhargaidh Aonair (CMA)[3] agus lena

[1] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A competition policy fit for new challenges* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua], COM(2021)713, 18.11.2021.

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach, COM(2021) 223 final, 5.5.2021.

[3] Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na

chomhpháirt le haghaidh beartais iomaíochta, a bhfuil buiséad EUR 20,4 milliún aige le haghaidh 2021, soláthraítear maoiniú cobhsaí do bhearta a chuireann le cumas forfheidhmithe an Choimisiúin, le tionscnaimh bheartais, le comhar idirnáisiúnta agus le habhcóideacht an bheartais iomaíochta. Tacaíonn Straitéis Cumarsáide Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta le huaillmhian an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin maidir le buntáistí an bheartais iomaíochta a chur in iúl go réamhghníomhach ar bhealach soiléir, comhsheasmhach agus leanúnach.

## 2. A áirithiú go bhFanfaidh Rialacha Iomaíochta Oiriúnach don Todhchaí – Dul chun cinn ar an gClár Oibre Fairsing Beartais

### 2.1. Tionscnaimh reachtacha nua chun na huirlisí beartais iomaíochta a neartú

Mar chuid de Straitéis Dhigiteach an Aontais[4] chun dul i ngleic le dúshláin dhigiteacha chórasacha amhail leathadh cibearbhagairtí, fuathchaint, bréagaisnéis, iomaíochas teoranta agus cothroime theoranta i margaí digiteacha, chuir an Coimisiún dhá thogra reachtacha i láthair i mí na Nollag 2020, eadhon an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)[5] agus an Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA)[6]. Le DMA, moltar sraith oibleagáidí a bheidh infheidhme go díreach do ghnólachtaí a ghníomhaíonn mar gheatóirí do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí sa Mhargadh Aonair. Bhí DMA ina phríomhthosaíocht reachtach i gcónaí in 2021, mar a léiríodh nuair a glacadh le sainorduithe faoi seach na gcomhreachtóirí i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2021[7].

I mí na Bealtaine 2021, chuir an Coimisiún togra síos le haghaidh Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach[8]. Cé go ndéantar grinnscrúdú ar chabhair a dheonaíonn Ballstát de chuid AE, ní minic a sheiceáiltear fóirdheontais a dheonaíonn tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach do chuideachtaí atá gníomhach san Aontas. Rachadh na rialacha nua i ngleic le fóirdheontais eachtracha a shaobhann iomaíocht sa Mhargadh Aonair. Faoin Rialachán atá beartaithe bheadh an Coimisiún in ann imscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais a dheonaíonn Stáit eachtracha do ghnólachtaí atá gníomhach san Aontas agus na héifeachtaí saofa mar thoradh ar thacaíocht Stáit den sórt sin a shásamh de réir mar is iomchuí[9].

beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 153, 3.5.2021, lgh. 1–47. Tá feidhm chúlghabhálach ag an Rialachán, ón 1 Eanáir 2021.

[4] Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, foilseachán an Choimisiúin an 19.2.2020, ISBN 978-92-76-16362-6.

[5] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, COM(2020) 825 final, 15.12.2020.

[6] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha), COM(2020) 842 final, 15.12.2020.

[7] Preaseisiúint, '"Mórchuideachtaí teicneolaíochta" a rialáil: An Chomhairle tagtha ar chomhaontú maidir le feabhas a chur ar an iomaíocht sa réimse digiteach', an 25 Samhain 2021, ar fáil ag https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/11/25/regulating-big-tech-council-agrees-on-enhancing-competition-in-the-digital-sphere/; agus preaseisiúint, 'Digital Markets Act: Parliament ready to start negotiations with Council', an 15 Nollaig 2021, ar fáil ag https://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20211210IPR19211/digital-markets-act-parliament-ready-to-start-negotiations-with-council.

[8] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach, COM(2021) 223 final, 5.5.2021.

[9] Tá trí uirlis san áireamh sa togra: (i.) comhchruinnithe beartaithe i gcás ina bhfuil láimhdeachas ar a laghad EUR 500 milliún ag an sprioc- chuideachta agus i gcás ina sáródh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach EUR 50 milliún, b'éigean fógra ina leith a thabhairt don Choimisiún; (ii.) tairiscintí i nósanna imeachta soláthair poiblí an Aontais ina mbeadh ranníocaíocht airgeadais eachtrach i gcás inarb ionann luach an tsoláthair agus ar a laghad EUR 250 milliún, b'éigean fógra ina leith a thabhairt don Choimisiún; agus (iii.) chumhachtófaí an

## 2.2. Rialacha agus treoraíocht maidir le cumaisc agus in aghaidh trustaí a nuashonrú chun iad a dhéanamh oiriúnach do dhúshláin nua

Is é cuspóir an athbhreithnithe leanúnaigh ar phríomh- rialacha maidir le cumaisc agus in aghaidh trustaí ná meastóireacht a dhéanamh ar na rialacha atá i bhfeidhm agus iad a choigeartú i gcás inar ghá, coinneáil suas le forbairtí margadh a chuir athrú ó bhonn ar an mbealach a fheidhmíonn gnólachtaí, lena n-áirítear an fás ar ríomhthráchtáil agus ardáin ar líne. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar cibé a bhfuil nó nach bhfuil gá le breis treoraíochta le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh.

### *Leanadh den athbhreithniú ar rialacha maidir le soláthar ingearach agus comhar cothrománach*

Tá comhaontuithe ingearacha, amhail iad siúd idir soláthróirí earraí nó seirbhísí agus a ndáileoirí, comónta i ngach earnáil de gheilleagar an Aontais. I mí Iúil 2021, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí le haghaidh an dréacht- Rialacháin Blocdhíolúine Ingearaigh athbhreithnithe (VBER) agus na Treoirlínte Ingearacha[10]. Is é is aidhm don athbhreithniú leanúnach forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú agus bearnaí braite rialála a líonadh i gcás nach mbeadh na rialacha reatha oiriúnach don fheidhm a thuilleadh de bharr forbairtí margaidh amhail fás ar dhíolacháin ar líne agus cineálacha nua gnóthas ardáin ag teacht chun cinn. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún rialacha nua a bheith i bhfeidhm an tráth a rachaidh na rialacha reatha in éag an 31 Bealtaine 2022.

A mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le comhar cothrománach, is é cuspóir na rialacha sin é a dhéanamh níos éasca do ghnóthais dul i gcomhar ar bhealaí atá inmhianta go heacnamaíoch agus gan droch- éifeacht ó thaobh an bheartais iomaíochta de. I mí na Bealtaine 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí na meastóireachta[11] ar an dá rialachán blocdhíolúine chothrománacha maidir le Taighde agus Forbairt agus comhaontuithe speisialtóireachta (arna ngiorrú mar RB T&F agus RB Speisialtóireachta faoi seach, agus mar RBCanna le chéile), in éineacht leis na Treoirlínte Cothrománacha. I mí Iúil 2021, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí faoi na roghanna beartais chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha[12]. Ós rud é go rachaidh an dá shraith Rialachán in éag an 31 Nollaig 2022. Is é is aidhm don Choimisiún na Rialacha nua a bheith i bhfeidhm faoin dáta sin.

**Príomhthorthaí ón meastóireacht ar na rialacha maidir le comhaontuithe cothrománacha**
Sa mheastóireacht, léiríodh gur uirlisí úsáideacha do ghnólachtaí i gcónaí iad na rialacha maidir le

---

Coimisiún chun imscrúdú a dhéanamh ex officio ar chásanna margaidh eile, lena n-áirítear comhchruinnithe níos lú agus nósanna imeachta soláthair poiblí níos lú. Bheadh inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún chun an Rialachán a fhorfheidhmiú. I gcás gur mhó éifeachtaí diúltacha an fhóirdheontais eachtraigh ná éifeachtaí dearfacha, beidh an chumhacht ag an gCoimisiún bearta sásaimh a fhorchur nó glacadh le gealltanais maidir leis an saobhadh a leigheas. Áirítear le bearta agus le gealltanais den sórt sin raon leigheasanna struchtúracha nó iompraíochta, amhail sócmhainní áirithe a dhífheistiú nó iompraíocht mhargaidh áirithe a thoirmeasc. Beidh an chumhacht ag an gCoimisiún freisin comhchruinniú fóirdheonaithe a thoirmeasc nó bronnadh conartha soláthair phoiblí ar thairgeoir fóirdheonaithe a thoirmeasc.

[10] Comhairliúchán poiblí ar an dréacht- Rialachán athbhreithnithe ar chomhaontuithe ingearacha agus ar threoirlínte ingearacha, ón 09.7.2021 go dtí an 17.9.2021. Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/public-consultations/2021-vber_en

[11] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Meastóireacht ar an Rialachán Blocdhíolúine Cothrománach, DIO (2021) 103, 6.5.2021.

[12] Comhairliúchán poiblí – Comhaontuithe poiblí idir cuideachtaí, 13.7.2021 go 5.10.2021. Féach: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13058-Horizontal-agreements-between-companies-revision-of-EU-competition-rules/public-consultation_en

comhaontuithe cothrománacha. Sainaithníodh roinnt réimsí sa mheastóireacht, áfach, áiteanna nach bhfuil na rialacha oiriúnaithe go leordhóthanach don digitiú agus chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Breathnaítear ar roinnt de na forálacha in RBCanna mar dhocht agus casta, agus meastar go bhfuil cinn eile doiléir agus gur dheacair do chuideachtaí ciall a bhaint astu. Go sonrach, d'fhéadfadh sé nach bhfuil na coinníollacha maidir le díolúine in RB T&F optamach a thuilleadh chun comhaontuithe T&F atá i bhfabhar na hiomaíochta a ghabháil agus d'fhéadfadh raon feidhme RB Speisialtóireachta a bheith ró- chúng. Meastar go bhfuil roinnt de na forálacha in RBCanna agus sna Treoirlínte Cothrománacha doiléir nó ró- dhian. Ar deireadh, ní thugtar mórán treoraíochta sna Treoirlínte Cothrománacha faoi fhorbairtí margaidh le déanaí amhail digitiú, athléimneacht agus cuspóirí inbhuanaitheachta [13] i gcomhaontuithe cothrománacha (mar shampla, ní sholáthraítear deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach iontu chun féinmheasúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe a shaothraíonn cuspóirí inbhuanaitheachta agus comhaontuithe um chomhroinnt sonraí/comhthiomsú sonraí.

I mí na Bealtaine 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí na meastóireachta[14] ar fheidhmiú an Rialacháin Bhlocdhíolúine um Mótarfheithiclí (RBM)[15] freisin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go bhfuil prionsabail RBM bailí fós, gur cheart teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus ról méadaitheach na sonraí sa tionscal sin a léiriú i dtreoraíocht an Choimisiúin atá ag gabháil le RBM. Rachaidh RBM atá ann faoi láthair in éag an 31 Bealtaine 2023. Tá an Coimisiún ag déanamh machnaimh faoi láthair ar bhearta leantacha do na torthaí sin, fad a chuirtear athbhreithniú leanúnach ar VBER san áireamh freisin.

### *Torthaí na meastóireachta ar an bhFógra um Shainmhíniú ar an Margadh a foilsíodh*

Tugtar treoraíocht thábhachtach san Fhógra um Shainmhíniú ar an Margadh[16] faoin tslí a chuireann an Coimisiún coincheapa maidir le táirgí ábhartha agus margaí geografacha i bhfeidhm san fhorfheidhmiú iomaíochta. I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí na meastóireachta ar an bhFógra Shainmhíniú ar an Margadh[17]. Ar bhonn na dtorthaí sin,chinn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFógra agus rachaidh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoin dréacht den Fhógra athbhreithnithe um Shainmhíniú ar an Margadh in 2022.

**Príomhthorthaí ón meastóireacht ar an bhFógra um Shainmhíniú ar an Margadh**

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil prionsabail an Fhógra um Shainmhíniú ar an Margadh, bunaithe ar chásdlí chúirteanna an Aontais, fónta i gcónaí. Seans nach léirítear go hiomlán iontu, áfach, forbairtí a rinneadh le déanaí sa chleachtas maidir le sainiú margaidh, amhail iad siúd a bhaineann le digitiú. Áirítear leis na réimsí ina bhféadfaí nach bhfuil an Fógra um Shainmhíniú ar an

[13] I gClár Oibre na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030, sainaithnítear 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (amhail gníomhú ar son na haeráide, fuinneamh glan agus inacmhainne, nó tionscal nuálaíocht agus bonneagar) agus 169 sprioc (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'athléimneacht agus cumas dul in oiriúint do thubaistí a bhaineann leis an aeráid a neartú, deireadh a chur le dífhoraoisiú agus foraoisí díghrádaithe a athbhunú, nó bonneagair inbhuanaithe, athléimneacha agus ionchuimsitheacha a fhorbairt).

[14] Tugtar achoimre ar na conclúidí i dTuarascáil Mheastóireachta agus i Doiciméad Inmheánach Oibre (DIO). Tuarascáil ón gCoimisiún, Tuarascáil Mheastóireachta ón gCoimisiún maidir le hoibriú Rialachán Blocdhíolúine um Mótarfheithiclí (AE) Uimh. 461/2010, COM(2021)264, 28.05.2021. Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an Rialachán Blocdhíolúine um Mótarfheithiclí a ghabhann leis an doiciméad Tuarascáil ón gCoimisiún, Tuarascáil Mheastóireachta ón gCoimisiún maidir le hoibriú Rialachán Blocdhíolúine um Mótarfheithiclí (AE) Uimh. 461/2010, DIO(2021)112, 28.05.2021.

[15] Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe, IO L 102, 23.4.2010, lgh. 1–7.

[16] Fógra ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha chun críche dhlí iomaíochta an Chomhphobail IO C 372, 9.12.1997, lch. 5–13.

[17] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar an bhFógra ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha chun críche dhlí iomaíochta an Chomhphobail an 9 Nollaig 1997, DIO(2021) 199, 12.7.2021. Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/system/files/2021-07/evaluation_market-definition-notice_en.pdf

Margadh go hiomlán cothrom le dáta: (i.) cuspóir na tástála SSNIP (méadú buan ar phraghas atá beag ach suntasach) agus í a úsáid chun margaí ábhartha a shainmhíniú; (ii.) margaí digiteacha, go háirithe i ndáil le táirgí nó seirbhísí a mhargaítear ar phraghas airgeadaíochta nialais agus le héiceachórais dhigiteacha; (iii.) measúnú ar mhargaí geografacha i gcoinníollacha domhandaithe agus iomaíochta allmhairithe; (iv.) teicnící cainníochtúla don sainiú margaidh; (v.) sciartha den mhargadh a ríomh; agus (vi.) iomaíocht nach iomaíocht faoi phraghsanna í (lena n-áirítear nuálaíocht).

### *Dréacht-Treoirlínte a foilsíodh maidir le cur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta ar chomhaontuithe comhchoiteanna do dhaoine féinfhostaithe*

Is beag an tionchar atá ag roinnt daoine féinfhostaithe ar a gcuid íocaíochta agus coinníollacha oibre. Féadfaidh cómhargáil a bheith ina huirlis thábhachtach chun téarmaí níos fearr a bhaint amach ach is féidir roinnt daoine féinfhostaithe a mheas mar 'ghnóthais' agus dá bhrí sin d'fhéadfadh Rialacha Iomaíochta an Aontais Eorpaigh comhaontuithe comhchoiteanna a ghabháil. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile maidir le roghanna éagsúla beartais, i mí Eanáir 2021, nuair a rinneadh measúnú tionchair tosaigh, agus i mí an Mhárta 2021 nuair a úsáideadh ceistneoir mionsonraithe[18]. An 9 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún dréacht- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais ar chomhaontuithe comhchoiteanna maidir le dálaí oibre na ndaoine féinfhostaithe[19] le haghaidh comhairliúcháin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ionchur ó gheallsealbhóirí agus é mar aidhm dó leagan críochnaitheach de na Treoirlínte a fhoilsiú in 2022.

### *Foilsíodh torthaí na meastóireachta ar ghnéithe nóis imeachta agus dlínse a bhaineann le rialú cumasc an Aontais agus tuilleadh treoraíochta maidir le hAirteagal 22*

Is é is cuspóir don mheastóireacht ar ghnéithe nóis imeachta agus dlínse a bhaineann le rialú cumasc an Aontais ná anailís a dhéanamh ar an tslí ar oibrigh rialacha áirithe cumasc faoi dhálaí margaidh atá ag athrú. Díríodh ar dhá ábhar go háirithe sa mheastóireacht: (i.) éifeachtacht na dtairseacha atá bunaithe ar láimhdeachas chun comhchruinnithe a ghabháil a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar iomaíocht sa Mhargadh Aonair; agus (ii.) éifeachtacht an nóis imeachta shimplithe um fhógra a thabhairt a tugadh isteach in 2013. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí na meastóireachta[20].

**Príomhthorthaí ón meastóireacht ar ghnéithe nóis imeachta agus dlínse a bhaineann le rialú cumasc an Aontais**

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na tairseacha dlínse atá bunaithe ar láimhdeachas in éineacht leis an sásra tarchurtha éifeachtach go ginearálta chun idirbhearta ábhartha i Margadh Aonair an Aontais a ghabháil. Tá mar thoradh ar fhorbairtí sa mhargadh le déanaí, áfach, gur tháinig méadú de réir a chéile ar éadálacha gnólachtaí a bhfuil ról iomaíoch acu, nó a bhféadfadh ról iomaíoch a bheith

[18] Comhaontuithe comhchoiteanna le haghaidh daoine féinfhostaithe – raon feidhme chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh, tréimhse chomhairliúcháin 5.3.2021 – 31.5.2021. Féach: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12483-Collective-bargaining-agreements-for-self-employed-scope-of-application-EU-competition-rules/public-consultation_en

[19] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh ar chomhaontuithe comhchoiteanna maidir le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair, 9.12.2021 C(2021) 8838 final IARSCRÍBHINN. Tá na dréacht- Treoirlínte mar chuid de phacáiste tionscnamh ón gCoimisiún, lena n-áirítear freisin togra le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre in obair ardáin agus Teachtaireacht maidir le leas a bhaint as tairbhí iomlána an digitithe do thodhchaí na hoibre.

[20] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar ghnéithe nóis imeachta agus dlínse a bhaineann le rialú cumasc an Aontais, DIO(2021) 66 final, 26.3.2021.

acu amach anseo, cé nár chruthaigh siad aon láimhdeachas nó nár chruthaigh siad ach beagán láimhdeachais tráth an chumaisc. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nach ndearna an Coimisiún ná aon Bhallstát athbhreithniú, i gcásanna áirithe, ar idirbhearta a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar iomaíocht. Áiríodh air sin éadálacha áirithe a dhírigh ar ghnólachtaí nuaghinte a d'fhéadfadh a bheith iomaíoch agus ar ghnólachtaí nuálacha lena n-áirítear ach gan bheith teoranta dóibh siúd sna hearnálacha digiteacha, cógaisíochta, bith- theicneolaíochta agus earnálacha tionsclaíocha eile. Ní raibh luach an sprioc- ghnólachta comhghaolaithe go leordhóthanach i gcónaí leis na héifeachtaí frithiomaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an idirbheart.

Ghlac an Coimisiún le Teachtaireacht i mí an Mhárta 2021 inar tugadh treoraíocht faoin tslí leis an sásra tarchurtha a chur i bhfeidhm idir na Ballstáit agus an Coimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc[21] in imthosca sonracha i gcás nach léiríonn na tairseacha atá bunaithe ar láimhdeachas poitéinseal iomaíochta na sprice agus i gcás nach bhfuil an t-idirbheart infhógartha d'aon Bhallstát faoin dlí náisiúnta. Beartaíonn an Coimisiún tuilleadh tarchur a spreagadh agus glacadh le tuilleadh tarchur faoi Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc[22].

## 2.3. Rialacha agus treoraíocht maidir le Státchabhair a nuachóiriú chun iad a chur in oiriúint do dhúshláin nua

In 2021, lean an Coimisiún den mheastóireacht agus athbhreithniú ar rialacha agus treoraíocht reatha maidir le Státchabhair, chun an t-aistriú glas agus digiteach a éascú a thuilleadh, agus chun athléimneacht an Mhargaidh Aonair a chothú le linn dó a bheith ag téarnamh tar éis Phaindéim COVID- 19. Lean an Coimisiún a bheith ag faire ar fhorbairtí margaidh, agus tá sé réidh lena chuid uirlisí beartais a choigeartú tuilleadh ionas go mbeidh an tAontas Eorpach ábalta freagairt go tapa ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn.

### *Coigeartuithe ar an gCreat Sealadach maidir le Státchabhair*

Le déanaí, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit faoi thogra chun bearta an Chreata Shealadaigh maidir le Státchabhair a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2022, fad a bheifear ag leagan amach bealaigh chun críoch a chur le tacaíocht ghéarchéime a bhaineann leis an bpaindéim. Ghlac an Coimisiún leis an séú leasú ar an gCreat Sealadach i mí na Samhna 2021[23]. Le fadú na mbearta reatha faoin gCreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach go dtí an 30 Meitheamh 2022, seachnófar éifeachtaí aille trí bhac a chur le gnólachtaí a bheith á scoitheadh gan choinne ó thacaíocht dhíreach phoiblí, tráth nach bhfuil

[21] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoraíocht maidir leis an sásra tarchurtha a leagtar amach in Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc a chur i bhfeidhm ar chatagóirí áirithe cásanna, OJ C 113, 31.3.2021, lgh. 1–6.

[22] Ceadaíonn Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc do na Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar aon chomhchruinniú nach bhfuil gné den Aontas ann, ach a bhfuil tionchar aige ar thrádáil trasteorann agus a bhagraíonn dul i gcion ar iomaíocht go mór laistigh de theorainn an Bhallstáit/na mBallstát atá ag déanamh an iarratais, gan beann ar an idirbheart sin a bheith infhógartha faoi rialacha rialaithe an chumaisc náisiúnta sa Bhallstát/sna Ballstáit atá ag déanamh an iarratais.

[23] *Communication from the Commission Sixth Amendment to the Temporary Framework for State aid measures to support the economy in the current COVID-19 outbreak and amendment to the Annex to the Communication from the Commission to the Member States on the application of Articles 107 and 108 of the Treaty on the Functioning of the European Union to short-term export-credit insurance* [Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Séú Leasú ar an gCreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID- 19 agus leasú ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin gearrthéarmach] 2021/C 473/01, C/2021/8442, OJ C 473, 24.11.2021, lgh. 1–15.

deireadh fós leis an suaitheadh tromchúiseach atá ag cur isteach ar gheilleagair na mBallstát. Leanann an Coimisiún de bheith ag tabhairt aire chuí ar fhorbairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Aontas, lena n-áirítear an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch ar an Aontas mar thoradh ar ionradh na Rúise san Úcráin, chun gníomhú go tapa agus a chuid uirlisí beartais a choigeartú nuair is gá. Thairis sin, thug an Coimisiún dhá uirlis nua isteach le hinfheistíocht phríobháideach a thosú agus a chomhchruinniú i gcomhair téarnaimh níos tapúla, níos glaise agus níos digití ón bpaindéim. Thug an Coimisiún tacaíocht infheistíochta isteach i dtreo téarnamh inbhuanaithe go dtí an 31 Nollaig 2022 agus tacaíocht sócmhainneachta go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a cheadaíonn do na Ballstáit cistí príobháideacha a ghiaráil agus iad a chur ar fáil i gcomhair infheistíochtaí in FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí lárchaipitlithe beaga.

### *Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh glactha*

Lean an Coimisiún dá athbhreithniú ar na rialacha Státchabhrach chun iad a dhéanamh oiriúnach dá bhfeidhm agus ailínithe le spriocanna aeráide an Aontais. I mí an Mheithimh 2021, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí[24] ag iarraidh ar gach páirtí leasmhar a bharúil a thabhairt ar an athbhreithniú molta do na Treoirlínte maidir le Státchabhair Chomhshaoil. I mí na Nollag 2021, d'fhormhuinigh an Coimisiún na Treoirlínte nua maidir le Státchabhair Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (CEEAG)[25]. Leathnaíonn an t-athbhreithniú raon feidhme na dTreoirlínte chun réimsí nua eacnamaíocha a chumhdach, amhail soghluaisteacht ghlan agus dícharbónú tionsclaíochta. Soláthróidh sé creat solúbtha freisin trí thacaíocht a cheadú do gach teicneolaíocht atá ábalta an Comhaontú Glas don Eoraip a sheachadadh. Tá coimircí in éineacht leis an gcuid níos leithne de raon feidhme na dTreoirlínte, coimircí a áirithíonn go stiúrtar an Státchabhair go héifeachtach go dtí an áit a bhfuil gá leis, agus a chuireann de cheangal ar na Ballstáit dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara nuair atá siad ag ceapadh bearta móra Státchabhrach. Tacóidh CEEAG le hiarrachtaí an Aontais i dtreo dícharbónú, geilleagar ciorclach, bithéagsúlachta, soghluaisteacht ghlan nó astaíochtaí nialasacha agus éifeachtúlacht agus feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, d'fhonn spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach i gcomhair 2030 agus 2050. Tháinig CEEAG i bhfeidhm i mí Eanáir 2022[26]. . De réir na rialacha athbhreithnithe, measfar a thuilleadh Státchabhrach ná an méid roimhe seo a bheith comhoiriúnach.

### *Teachtaireacht athbhreithnithe IPCEI glactha*

Tugann Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) eolas, saineolas, acmhainní airgeadais agus gníomhaithe eacnamaíocha le chéile ar fud an Aontais d'fhonn teipeanna tábhachtacha margaidh, teipeanna córasacha agus dúshláin shochaíocha a shárú, rudaí nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs eile. Cuireann siad le fás inbhuanaithe eacnamaíoch, poist, iomaíochas agus láidríonn siad neamhspleáchas oscailte

[24] Comhairliúcháin phoiblí ón 7.6.2021 go 2.8.2021. Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/public-consultations/2021-ceeag_en
[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh, 27.1.2022, C(2022) 481 final.
[26] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/qanda_22_566

straitéiseach an Aontais. Chun nach mbeireann siad saobhadh ar iomaíocht sa Mhargadh Aonair, ní mór do IPCEIanna formheas an Choimisiúin a fháil faoi na rialacha Státchabhrach. Cumasaíonn IPCEIanna nuálaíochtaí ceannródaíocha go dtí an chéad imscaradh tionsclaíoch agus infheistíochtaí bonneagair atá ríthábhachtach ina bhfuil gá le hidirghabháil phoiblí.[27] Treisíonn IPCEIanna fiontraíocht san Aontas, éascaíonn siad an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus cuireann siad le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair. Tar éis meastóireachta agus i ndiaidh comhairliúchán fairsing[28] leis na páirtithe leasmhara go léir faoin teachtaireacht mholta athbhreithnithe, ghlac an Coimisiún le Teachtaireacht athbhreithnithe maidir le Rialacha Státchabhrach maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (Teachtaireacht IPCEI)[29] i mí na Samhna 2021. Tá feidhm leis an Teachtaireacht Athbhreithnithe IPCEI amhail ón 1 Eanáir 2022.

**Teachtaireacht maidir le Rialacha Státchabhrach maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne**

Leathnaíonn an Teachtaireacht nuashonraithe raon feidhme an Aontais agus carachtar trédhearcach IPCEIanna trí bhíthin an choinníll nach mór go mbeadh ceithre Bhallstát ar a laghad rannpháirteach in IPCEIanna de ghnáth. Thairis sin, ní mór go gceaptar IPCEIanna ar bhealach trédhearcach agus ionchuimsitheach. Éascaíonn an Teachtaireacht athbhreithnithe rannpháirtíocht FBManna in IPCEIanna agus cuireann sí le buntáistí a bpáirtíochta. Ailíníonn an Teachtaireacht IPCEI 2021 a cuid spriocanna le tosaíochtaí reatha an Aontais. Chun tacú le straitéisí comhshaoil an Aontais agus chun an t-aistriú glas a thapú, cuireann an Teachtaireacht athbhreithnithe IPCEI de cheangal ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar de chomhlíonadh na dtionscadal dá dtugtar fógra leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Ina theannta sin, soiléiríonn an Teachtaireacht na critéir is gá a úsáid nuair a chomhcheanglaítear cistí an Aontais le cistí náisiúnta.

### *Comhairliúchán poiblí ar an gCreat Státchabhrach i gcomhair taighde, forbartha agus nuálaíochta*

Soláthraíonn an Creat Státchabhrach i gcomhair taighde, forbartha agus nuálaíochta (an Creat RDI)[30] dreasacht le haghaidh gníomhaíochtaí rioscúla taighde, forbartha agus nuálaíochta (RDI), rud nach dtarlódh in éagmais na tacaíochta poiblí. Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí i mí Aibreáin 2021 d'fhonn an Creat Státchabhrach reatha a shimpliú[31]. Is é an sprioc ná tacaíocht do thaighde, forbairt agus nuálaíocht a éascú do na Ballstáit, lena n-áirítear tacaíocht do FBManna agus braislí nuálaíochta, le linn dóibh a chinntiú go gcoimeádtar saobhadh iomaíochta ag an íosmhéid, chomh maith leis na dreasachtaí iomchuí a sholáthar chun aistriú glas agus digiteach an Aontais a chumasú. Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí agus na barúlacha a fuarthas, leanann an Coimisiún dá mhachnamh ar conas an Creat RDI a nuachóiriú agus é a dhéanamh slán i bhfad na haimsire. I bhfianaise na tábhachta atá leis an aistriú glas agus digiteach agus athléimneacht an Mhargaidh Aonair, áiríonn na smaointe seo faoin gCreat RDI réimsí amhail bonneagar tástála agus turgnaimh, mar shampla, chomh maith

[27] Go dtí seo, formheasadh cistiú faoin Teachtaireacht IPCEI le haghaidh na dtionscadal a bhain le ceallraí, micreaphróiseálaithe agus bonneagair faoi leith.
[28] Comhairliúcháin phoiblí ón 23.2.2021 go 20.4.2021. Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/public-consultations/2021-ipcei_en
[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá Státchabhair chun tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn, C(2021) 8481 final.
[30] *Communication from the Commission — Framework for State aid for research and development and innovation* [Teachtaireacht ón gCoimisiún — Creat le haghaidh Státchabhrach i gcomhair taighde, forbartha agus nuálaíochta] (IO C 198, 27.6.2014, lch. 1).
[31] Comhairliúcháin phoiblí ón 8.4.2021 go 3.6.2021. Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/public-consultations/2021-rdi_en

le teicneolaíochtaí nua agus ceannródaíocha a fhorbairt agus a sheachadadh. Tá coinne ag an gCoimisiún leis go nglacfar leis an gCreat athbhreithnithe RDI in 2022.

### *Comhairliúchán poiblí faoi Threoirlínte Státchabhrach Leathanbhanda*

Éascaíonn na rialacha Státchabhrach maidir le cur chun feidhme líonraí leathanbhanda (Treoirlínte Leathanbhanda)[32] chur chun feidhme agus glacadh líonraí leathanbhanda in áiteanna le nascacht easnamhach, ar nós áiteanna atá iargúlta agus inar beag an daonra. Cuireann na Treoirlínte ar a gcumas do na Ballstáit tacú le bonneagar nua- aimseartha lena soláthraítear seirbhísí leathanbhanda ar ardchaighdeán agus inacmhainne d'úsáideoirí deiridh in áiteanna inar teoranta an dreasacht infheistíochta d'oibreoirí trádála.

I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí na meastóireachta ar na Treoirlínte Leathanbhanda [33].. Tháinig sé ar an gconclúid go n-oibríonn na rialacha reatha go maith, go foriomlán, agus go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm, ach go mbeadh gá le roinnt coigeartuithe chun na rialacha reatha a chur in oiriúint don dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht le déanaí. Tá gá le hinfheistíochtaí leordhóthanacha chun freastal ar spriocanna reatha beartais an Aontais, go háirithe Sochaí Ghigighiotáin AE 2025[34] agus Compás Digiteach 2030[35]. I mí na Samhna 2021, chuir an Coimisiún na Treoirlínte Leathanbhanda athbhreithnithe molta isteach le haghaidh comhairliúchán poiblí[36]. D'fhan an comhairliúchán poiblí oscailte go dtí an 11 Feabhra 2022. Tá sé mar aidhm ag na dréacht- Treoirlínte cabhair a thabhairt do na Ballstáit le cur in úsáid líonraí ardfheidhmíochta leathanbhanda, lena n-áirítear líonraí Gigighiotáin agus 5G, ag teorannú saobhadh iomaíochta ag an am céanna.

### *Síneadh curtha le Raon Feidhme Rialachán Ghinearálta na Blocdhíolúine chun cláir an Aontais a éascú*

D'fhonn feabhas a chur ar an idirghníomhú i rialacha cistiúcháin an Aontais agus rialacha Státchabhrach an Aontais faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua[37], i mí Iúil 2021 ghlac an Coimisiún leasuithe ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER)[38]. Síneann na leasuithe seo raon feidhme an rialacháin, agus cuíchóiríonn siad na rialacha Státchabhrach infheidhme

---

[32] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoirlínte AE maidir le cur i bhfeidhm rialacha maidir leis an Státchabhair i ndáil le himscaradh gasta líonraí leathanbhanda, IO C 25, 26.1.2013, lch. 1–26.

[33] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Meastóireacht ar rialacha Státchabhrach maidir le cur in úsáid bonneagair leathanbhanda, SWD (2021) 194 final, 7.7.2021.

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Nascacht i gcomhair Margadh Aonair Digiteach atá Iomaíoch – I dTreo Sochaí Ghigighiotáin Eorpach, COM (2016) 0587 final.

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Compás Digiteach: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití, COM(2021) 118 final, 9.3.2021.

[36] Dréacht- Teachtaireacht ó Threoirlínte an Choimisiúin maidir le Státchabhair do líonraí leathanbhanda, an 19.11.2021,

[37] Féach: https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/long-term-eu-budget/2021-2027_en

[38] Rialachán (AE) Uimh. 2021/1237 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán Uimh. 651/2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE, IO L 270, 29.7.2021, lch. 39. Ní mór, de ghnáth, cistiúchán poiblí a chomhlíonann coinníollacha Státchabhrach mar a sainmhínítear iad in Airteagal 107(1) de CFAE a fhógairt don Choimisiún agus a bheith formheasta sula gcuirtear i bhfeidhm é, lena n-áirithiú nach ngineann caiteachas poiblí iomaíocht mhíchothrom do ghnólachtaí atá ag oibriú laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais. Níl de cheangal ar Bhallstáit, áfach, Státchabhair a fhógairt don Choimisiún, má chomhlíonann an chabhair atá i gceist na critéir ábhartha go léir a leagtar amach sa CFAE.

maidir le cistiúchán náisiúnta atá laistigh den raon feidhme atá ag cláir áirithe an Aontais a glacadh le déanaí[39].

Tar éis leasú GBER, féadann na Ballstáit Státchabhair a dheonaíonn na húdaráis náisiúnta le haghaidh tionscadal a fhaigheann cistiú ó chláir a bhainistítear ar leibhéal an Aontais a chur i bhfeidhm gan fógra a thabhairt don Choimisiún roimh ré. Ní mór do na Ballstáit, áfach, an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na bearta cabhrach i ndiaidh a nglactha. Chomh maith leis sin, ceadaíonn GBER atá cothrom le dáta do na Ballstáit Státchabhair a sholáthar don aistriú digiteach agus glas. Ceadaíonn sé roinnt solúbthachta chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí atá ag fás go tapa, agus a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu de dheasa éifeachtaí diúltacha eacnamaíochta mar thoradh ar thuairteanna seachtracha nach raibh aon choinne leo. Is simpliú mór é díolúine a thabhairt do chatagóirí leathana Státchabhrach ó fhógra a thabhairt roimh ré, agus éascaíonn sé cur chun feidhme tapa sna Ballstáit.

### *Athbhreithniú GBER an Chomhaontaithe Ghlais*

Tá GBER faoi athbhreithniú dírithe faoi láthair a bhfuil sé mar sprioc aige ceadú do na Ballstáit breis chabhrach a shlógadh go tapa le haghaidh tionscadail ghlasa, gan gá formheas a fháil ón gCoimisiún roimh ré. Tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú raon feidhme GBER a leathnú chun cabhair a chumhdach le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua cosúil le gabháil, stóras nó úsáid hidrigine agus carbóin, atá fíor- riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha. Sínfear raon feidhme GBER go dtí príomhréimsí chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, mar shampla éifeachtúlacht acmhainní agus bithéagsúlacht. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú na forálacha a bheachtú ar chabhair le haghaidh infheistíochtaí i bpríomhréimsí beartais amhail feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus athluchtú agus athbhreoslú bonneagair le haghaidh soghluaisteacht ghlan. Faoi dheireadh, déanfar na rialacha maidir le sainmhíniú costais incháilithe agus déine incháilithe cabhrach níos solúbtha.

### *Athbhreithniú ar Threoirlínte maidir le Maoiniú Riosca glactha*

I mí na Nollag 2021, ghlac an Coimisiún Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Státchabhair ag cur infheistíochtaí um maoiniú riosca chun cinn[40]. Soláthróidh na Treoirlínte athbhreithnithe roinnt feabhsuithe a éascóidh cur i bhfeidhm na dTreoirlínte, a dhaingneoidh ceanglais reatha le haghaidh measúnaithe *ex- ante* agus a theorannóidh an ceanglas chun anailís ar bhearna cistiúcháin a sholáthar do na scéimeanna maoinithe riosca is mó. Thairis sin, tugann na Treoirlínte athbhreithnithe coinníollacha simplithe isteach le haghaidh measúnaithe ar scéimeanna atá dírithe go heisiach ar ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nach bhfuil an chéad díolachán trádála déanta acu go fóill. Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ailínítear

---

[39] Is iad na cistí náisiúnta atá i gceist ná iad siúd a bhaineann le: Cistiú agus táirgí infheistíochta a dtacaíonn an Ciste InvestEU leo; Tionscadail Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (RDI) atá tar éis 'Séala Barr Feabhais' a fháil faoi Fhís 2020 nó faoi Fhís Eorpach, chomh maith le tionscadail chomhchistithe taighde agus forbartha nó Cur le Chéile faoi Fhís 2020 nó faoi Fhís Eorpach; tionscadail áirithe bhonneagar thras- Eorpach nascachta digití atá cistithe nó a fuair 'Séala Barr Feabhais' ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa; Tionscadail Comhair Chríochaigh Eorpaigh (CCE), ar a dtugtar Interreg freisin.

[40] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoirlínte maidir le Státchabhair chun infheistíochtaí um maoiniú riosca a chur chun cinn, IO C 508, 16 12 2021, lgh. 1–36.

sainmhínithe áirithe atá mar chuid de na Treoirlínte leo siúd atá in GBER[41]. Beidh feidhm ag na Treoirlínte athbhreithnithe ón 1 Eanáir 2022.

### *Teachtaireacht athbhreithnithe ar an Árachas creidmheasa ghearrthéarmaigh onnmhairiúcháin glactha*

I mí na Nollag 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht athbhreithnithe ar árachas creidmheasa ghearrthéarmaigh onnmhairiúcháin (Teachtaireacht STEC)[42]. Áirítear líon teoranta leasuithe sa Teachtaireacht. Mar shampla, modhnaíonn an Teachtaireacht na critéir incháilitheachta do FBManna, a d'fhéadfadh leas a bhaint as árachas Stáit faoi imthosca áirithe. Faoi na rialacha roimhe, ba í an tairseach do FBManna ná láimhdeachas bliantúil onnmhairiúcháin de EUR 2 mhilliún ar a mhéad. Méadaíonn an Teachtaireacht athbhreithnithe STEC an tairseach seo go dtí EUR 2,5 milliún. Tháinig an Teachtaireacht athbhreithnithe STEC i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022.

### *Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Cabhair Réigiúnach glactha*

Ceadaíonn na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach do na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do na réigiúin is mídheisiúla chomh maith le réigiúin a bhfuil dúshláin idirthréimhseacha nó struchtúracha iontu. Áirithíonn na Treoirlínte sláine an Mhargaidh Aonair freisin, agus cuireann siad spriocanna comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh san áireamh. I ndiaidh na meastóireachta ar na rialacha reatha in 2019[43] agus comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara ar an dréacht- téacs, ghlac an Coimisiún na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Cabhair Réigiúnach i mí Aibreáin 2021[44]. Áirítear sna treoirlínte athbhreithnithe roinnt coigeartuithe spriocdhírithe a léiríonn an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha roimhe. Áiríonn siad freisin tosaíochtaí nua beartais a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus na Straitéisí Eorpacha Tionsclaíochta agus Digiteacha. Tháinig na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Cabhair Réigiúnach i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022.

### *Meastóireacht ar an Rialachán Blocdhíolúine Talmhaíochta agus Treoirlínte foilsithe*

I mí na Bealtaine 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán Blocdhíolúine Talmhaíochta agus na Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe[45]. Ba é conclúid na meastóireachta ná go bhfuil na rialacha seo oiriúnach dá bhfeidhm go foriomlán, agus go gcomhlíonann siad riachtanais na n-earnálacha atá i gceist[46]. Tá gá, áfach, le coigeartuithe

[41] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir leis an LE), IO L 187, 26.6.2014, lgh. 1–78.

[42] Teachtaireacht ón gCoimisiún go dtí na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Airteagaul 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar árachas creidmheasa ghearrthéarmaigh onnmhairiúcháin, IO C 497, 10 12 2021, lgh. 5-13.

[43] Treoirlínte maidir le Státchabhair réigiúnach le haghaidh 2014- 2020 (IO C 209, 23.7.2013, lch. 1).

[44] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoirlínte maidir le Státchabhair réigiúnach, IO C 153, 29.4.2021, lgh. 1–46.

[45] Cuireadh síneadh le bailíocht na rialacha seo cheana féin, go dtí an 31 Nollag 2022. Féach: Fógra ón gCoimisiún lena leasaítear Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe 2014 go dtí 2020 a mhéid a bhaineann lena dtréimhse feidhme agus oiriúnaithe sealadacha a dhéanamh le tionchar phaindéim COVID- 19 a chur san áireamh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO 424, 8 12 2020, lgh. 30-31.

[46] D'fhéach an mheastóireacht ar conas mar a d'fheidhmigh na rialacha atá ann faoi láthair, i bhfianaise a bpríomhspriocanna: saobhadh iomaíochta agus trádála a íoslaghdú in earnáil na talmhaíochta agus na foraoiseachta; comhsheasmhacht na rialacha Státchabhrach maidir le talmhaíocht i gcomhthéacs an Chomhbheartais Thalmhaíochta (CBT), go háirithe spriocanna forbartha tuaithe faoi CBT; agus nósanna imeachta a shimpliú agus costais riaracháin a laghdú. Féach: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/2089-Agricultural-State-aid-guidelines-review_en

spriocdhírithe áirithe, lena n-áirítear soiléiriú ar roinnt coincheap, tuilleadh cuíchóirithe agus simplithe, ailíniú ar athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta[47] chomh maith le coigeartuithe chun tosaíochtaí reatha an Aontais a léiriú, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip[48]. Is é an chéad chéim eile ná measúnú tionchair a dhéanamh, ina n-iniúchfar na fadhbanna a aithníodh le linn na meastóireachta. Tá coinne ag an gCoimisiún leis go nglacfar leis na rialacha athbhreithnithe faoin 31 Nollag 2022 nuair a rachaidh na cinn reatha in éag.

## 2.4. Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta a oiriúnú do riachtanais fhorfheidhmithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí

### *Claochlú digiteach*

Aithníonn an Coimisiún an claochlú digiteach mar thosaíocht mhór pholaitiúil dá shainordú reatha (Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach), ní hamháin chun athrú i margaí a spreagadh ach chun nuachóiriú na hearnála poiblí a éascú chomh maith. In 2021, d'fhormhínigh agus d'fhormhuinigh Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta Straitéis Dhigiteach inmheánach chuimsitheach, straitéis a dhéanfaidh na próisis imscrúdaitheacha agus gníomhaíochtaí eile de chuid Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta níos éifeachtaí. Thairis sin, láidreoidh an Straitéis Dhigiteach forfheidhmiú an dlí iomaíochta san Aontas trí infheistíocht a chur i réitigh dhigiteacha úrscothacha agus trí chórais chás- bhainistíochta de chuid na hArd- Stiúrthóireachta a nuachóiriú, go háirithe trí CASE@EC a lainseáil le haghaidh Státchabhrach agus bainistíocht doiciméad. Tá an Straitéis Dhigiteach lonnaithe go daingean i Straitéis Dhigiteach fhoriomlán an Choimisiúin Eorpaigh, a chlaochlaíonn an Coimisiún ina eagraíocht ríomhchumasaithe atá dírithe ar an úsáideoir, agus a oibríonn ar bhonn sonraí.

Tá Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta ag forbairt agus ag feabhsú réitigh dhigiteacha a thacaíonn leis an idirghníomhú i measc páirtithe leasmhara seachtracha ar nós údaráis iomaíochta náisiúnta, gnólachtaí atá gníomhach sa mhargadh aonair, gnólachtaí dlí agus saoránaigh phríobháideacha. Sa chomhthéacs sin, lainseáil Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta trí réiteach dhigiteacha nua in 2021; Idirghníomhú Tuarascála Státchabhrach (SARI2), eConfidentiality agus eRFI. Chuir Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta tús freisin le tionscadal chun faisnéis chás- bhunaithe atá foilsithe ar shuíomh gréasáin EUROPA a athchóiriú, d'fhonn rochtain, cuardach agus onnmhairiú a sholáthar ar shonraí poiblí a bhaineann le beartas iomaíochta (lena n-áirítear cásanna agus cinntí Státchabhrach, in Aghaidh Trustaí agus Cumaisc). I bhfianaise nádúr íogair agus rúnda na faisnéise a bhíonn á láimhseáil ag Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta, rinneadh pleananna slándála TF um réitigh dhigiteacha, idir chinn nua agus chinn atá ann cheana féin, a dhréachtú nó a thabhairt chun dáta. Tá na bearta riachtanacha sábháilteachta agus faireacháin á gcur chun feidhme chun cur le cibearshlándáil agus cibear- athléimneacht.

In 2021, lean Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta d'infheistiú i seirbhísí agus réitigh fhaisnéise corparáidí, ardsonraí agus meaisínfhoghlama, chun tacú le himscrúduithe. Déanann aonad tiomnaithe anailís faisnéise agus imscrúdaithe agus soláthraíonn sé tacaíocht

[47] Féach: https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/new-cap-2023-27_en
[48] Féach: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

fhóiréinseach TF. Thairis sin, bailíonn an t-aonad faisnéis ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí agus déantar anailís uirthi, agus bailíonn sé faisnéis a d'fhéadfadh a bheith chun leasa imscrúdaithe le haghaidh brath cásanna nua.

### *Acmhainní agus eagrú*

Chun déileáil níos fearr le forbairtí beartais atá ag teacht chun cinn, i mí na Samhna 2021 rinne Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta atheagrú laistigh den struchtúr eagraithe a bhí ann cheana féin. Méadaíodh an méid aonad a bhíonn ag déileáil le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) ó cheann amháin go dtí dhá cheann. Thairis sin, cuireadh Tascfhórsa don Ionstraim um Margaí Digiteacha ar bun chun tacú le glacadh agus cur chun feidhme na hIonstraime um Margaí Digiteacha. Chomh maith leis sin, chruthaigh Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta aonad treisithe le cur chuige níos comhordaithe a chur chun feidhme maidir leis na hiarmhairtí beartais Státchabhrach ar reachtaíocht cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach.

### *Clár an Mhargaidh Aonair*

Glacadh Clár an Mhargaidh Aonair (CMA) i mí Aibreán 2021[49]. Le buiséad de EUR 4,2 billiún le linn na tréimhse 2021–2027, soláthraíonn CMA tacaíocht airgeadais chun rialachas agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair a láidriú, agus mar chuid de sin tá comhpháirt iomaíochta, is é sin le rá buiséad tiomnaithe le haghaidh beartas iomaíochta. Le buiséad de EUR 20,4 milliún i gcomhair 2021, thacaigh CMA le forfheidhmiú éifeachtach agus cothrom le dáta de bheartas iomaíochta an Aontais. Baineadh úsáid as cistí freisin le haghaidh comhair agus comhpháirtíochtaí le riaracháin phoiblí san Aontas agus timpeall an domhain, chomh maith le beartais abhcóideachta iomaíochta.

### *Abhcóideacht iomaíochta*

In 2021, chuaigh an Coimisiún i mbun abhcóideachta agus for- rochtana maidir le beartas iomaíochta ar leibhéil éagsúla chun tacú le héifeacht beartais iomaíochta an Aontais, go nótáilte leis an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin ag glacadh páirte in imeachtaí agus i bpreasagallaimh. Baineadh úsáid as preaseisiúintí, nuachtáin agus na meáin shóisialta chun na tairbhí a bhaineann le beartas iomaíochta a chur in iúl. Eagraíodh imeachtaí tiomanta ar leibhéal idirnáisiúnta nó in éineacht leis na Ballstáit. Mar gheall ar phaindéim COVID- 19, bhí an chuid ba mhó de na himeachtaí ar siúl i bhformáidí fíorúla agus/nó hibrideacha in 2021.

## 3. Chuidigh Forfheidhmiú Beartais Iomaíochta leis an Aistriú Digiteach agus Margadh Aonair atá Láidir agus Athléimneach

Leis an bpríomh- uaillmhian 'Eoraip atá oiriúnach don ré dhigiteach', shainmhínigh an tUachtarán von der Leyen an réimse digiteach mar cheann dá príomhthosaíochtaí do

[49] Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 153, 3.5.2021, lgh. 1–47. Tá feidhm chúlghabhálach ag an Rialachán, ón 1 Eanáir 2021.

shainordú seo an Choimisiúin. I margaí iomaíocha, ní mór do ghnólachtaí a bheith ag déanamh nuálaíochta agus éirí níos éifeachtaí chun go mbeidh rath orthu[50]. Baineann sé seo le margaí digiteacha atá tiomanta ag an nuálaíocht agus a bhogann go tapa, chomh maith le margaí nach bhfuil digiteach go fóill. Tá forfheidhmiú éifeachtach de rialacha iomaíochta agus d'athchóirithe rialaitheacha ríthábhachtach d'aistriú digiteach gheilleagar an Aontais, don téarnamh ó phaindéim COVID- 19 agus do threisiú athléimneacht an Mhargaidh Aonair.

### 3.1. Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach

In 2021, lean an Coimisiún d'fhorfheidhmiú dian na rialacha iomaíochta chun aghaidh a thabhairt ar shrianta iomaíochta sa Mhargadh Aonair.

Sna margaí le haghaidh físchluichí PC ghearr an Coimisiún fíneáil ar *Valve*, úinéir an ardáin cluichí PC ar líne Steam agus cúig fhoilsitheoir – *Bandai Namco*, *Capcom*, *Focus Home*, *Koch Media* agus *ZeniMax* – foriomlán de EUR 7,8 milliún as díolacháin trasteorann d'fhíschluichí PC a shrianadh ar bhonn shuíomh geografach na gcustaiméirí laistigh de LEE ('geobhlocáil')[51]. Laghdaíodh na fíneálacha ar na foilsitheoirí, arbh fhiú EUR 6 mhilliún iad go foriomlán, de bharr gur chomhoibrigh na gnólachtaí leis an gCoimisiún. Chinn Valve gan comhoibriú agus gearradh fíneáil ós cionn EUR 1,6 milliún orthu.




I mí Aibreáin 2021, d'eisigh an Coimisiún Ráiteas Agóidí chuig *Apple* ag teacht ar an toradh sealadach gur shaobh Apple iomaíocht i margadh sruthaithe an cheoil, mar gur bhain sé mí- úsáid as a staid cheannasach le haghaidh dáileadh aipeanna sruthaithe ceoil trína App

[50] Léirítear tábhacht na hiomaíochta agus na nuálaíochta freisin sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún 'Straitéis FBM la haghaidh Eoraip inbhuanaithe dhigiteach' – 10.3.2020 COM(2020) agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún 'An Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt chun Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa' – 25.5.2021. COM(2021) final.

[51] Cásanna AT.40413, *Focus Home*; AT.40414, *Koch Media*; AT.40420, *ZeniMax*; AT.40422, *Bandai Namco* agus AT.40424, *Capcom*. Féach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/es/ip_21_170.

Store[52]. Téann an Coimisiún chun argóinte leis an úsáid éigeantach de shásra ceannacháin ionaipe de chuid Apple féin atá á forchur ar fhorbróirí aipe sruthaithe ceoil chun a n-aipeanna a dháileadh trí App Store Apple. Is cúis imní é don Choimisiún, freisin, go gcuireann Apple srianta áirithe ar fhorbróirí aipe a choisceann iad ar úsáideoirí iPhone agus iPad a chur ar an eolas faoi dheiseanna eile ceannaigh atá níos saoire.

Lean an Coimisiún dá cuid imscrúduithe freisin ar chleachtais atá á ndéanamh ag *Amazon*[53] a d'fhéadfadh a bheith frithiomaíoch. Is cúis imní é don Choimisiún go saobhann Amazon iomaíocht i margaí miondíola ar líne trína bheith ag brath go córasach ar shonraí gnó, nach bhfuil poiblí, de dhíoltóirí neamhspleácha a bhíonn ag díol i margadh Amazon. Déanann an cleachtas sin leas do ghnó miondíola Amazon féin, atá in iomaíocht dhíreach leis na díoltóirí tríú páirtí sin. I gcás eile, imscrúdaíonn an Coimisiún an cás féideartha go dtugann Amazon cóir fhabhrach dá thairiscintí miondíola féin, rud a dhéanann aimhleas do dhíoltóirí margaidh Amazon a úsáideann seirbhísí lóistíochta agus seachadta de chuid Amazon.

I mí an Mheithimh 2021, thosaigh an Coimisiún imscrúdú foirmiúil in aghaidh trustaí, lena mheasúnú ar sháraigh *Facebook* rialacha iomaíochta an Aontais trí úsáid a bhaint as sonraí a bailíodh ó fhógróirí, go háirithe, chun dul san iomaíocht leo i margaí ina bhfuil Facebook gníomhach chomh maith, mar shampla fógraí aicmithe[54]. Is cúis imní é don Choimisiún go mbaineann Facebook úsáid as sonraí ó sholáthraithe iomaíocha nuair atá siad i mbun fógraíochta ar líonra sóisialta Facebook chun buntáiste iomaíochta a thabhairt do Facebook. Déanfaidh an t-imscrúdú foirmiúil in aghaidh trustaí measúnú chomh maith an gceanglaíonn Facebook an Margadh Facebook, an tseirbhís fógraíochta aicmithe ar líne de chuid na gnólachta, lena líonra sóisialta féin. Scrúdóidh an Coimisiún má tá an bealach a bhfuil Margadh Facebook leabaithe sa líonra sóisialta ina chineál iarrachta frithiomaíche a thugann buntáiste don ghnólacht agus iad ag aimsiú custaiméirí, agus a fhoriann seirbhísí iomaíocha fógraíochta aicmithe ar líne.

I mí an Mheithimh 2021, thosaigh an Coimisiún imscrúdú foirmiúil in aghaidh trustaí in earnáil na fógraíochta ar líne. Tá an Coimisiún ag imscrúdú má bhí Google fabhrach dá theicneolaíocht féin i gcomhair fógraíocht taispeána ar líne i slabhra soláthair na teicneolaíochta fógraíochta chun leasa YouTube agus chun aimhleasa soláthraithe iomaíocha de sheirbhísí teicneolaíochta fógraíochta, fógróirí agus foilsitheoirí ar líne[55]. Thairis sin, scrúdóidh an t-imscrúdú foirmiúil má tá Google ag saobhadh na hiomaíochta trí rochtain a chosc ar thríú páirtithe ó shonraí úsáideoirí chun críche fógraíochta ar shuíomhanna gréasáin agus aipeanna, le linn dó a bheith ag coimeád a leithéid sin de shonraí dá úsáid féin. Díríonn imscrúdú an Choimisiúin ar fhógraíocht taispeána, réimse ina dtairgeann Google roinnt seirbhísí d'fhógróirí chomh maith le d'fhoilsitheoirí.

---

[52] Cás AT 40437, *Apple – Cleachtais App Store (sruthú ceoil)*. Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/speech_21_2093

[53] Cás AT 40462, *Margadh Amazon* agus Cás AT 40703 – *Amazon – Buy Box.* Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_2077.

[54] Cás AT.40684, *Facebook ag giaráil*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3

[55] Cás AT 40670, *Google – Cleachtais a bhaineann le Teicneolaíocht Fógraíochta agus le Sonraí.*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3

I mí na Samhna 2021, sheas an Chúirt Ghinearálta den chuid ba mhó le[56] cinneadh roimhe sin ón gChoimisiún i gcás Google Shopping.

**Cás Google Search (Shopping)**

I mí an Mheithimh 2017, ghearr an Coimisiún fíneáil de EUR 2,42 billiún ar *Google* as mí- úsáid a bhaint as a cheannasacht margaidh mar inneall cuardaigh trí bhuntáiste neamhdhleathach a thabhairt do tháirge eile de chuid Google, is é sin a sheirbhís siopadóireachta ar bhonn comparáide[57]. Is éard atá sa bhfeidhm siopadóireachta ar bhonn comparáide de chuid Google ná táirge a ligeann do thomhaltóirí táirgí agus praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile ar líne, agus teacht ar mhargaí ó mhiondíoltóirí ar líne, lena n-áirítear siopaí ar líne de mhonaróirí, d'ardáin (amhail Amazon agus eBay), agus d'athdhíoltóirí eile. In 2008, ghlac Google straitéis chun a sheirbhís siopadóireachta ar bhonn comparáide féin a bhrú. Mar thoradh ar chleachtais neamhdhleathacha Google, tháinig méadú substaintiúil ar an trácht chuig an tseirbhís siopadóireachta ar bhonn comparáide de chuid Google, le linn do sheirbhísí iomaíocha siopadóireachta comparáide a bheith ag fulaingt caillteanais shubstaintiúla tráchta ar bhonn fadtéarmach. Tar éis chinneadh an Choimisiúin, leasaigh Google an bosca siopadóireachta, mar a thugtar air, chun ligean do sheirbhísí tríú páirtí i gcomhair siopadóireacht chomparáide a bheith le feiceáil sa bhosca. I mí na Samhna 2021, sheas an Chúirt Ghinearálta den chuid ba mhó le cinneadh an Choimisiúin[58].

I margadh le haghaidh táirgí cógaisíochta, i mí Feabhra 2021 ghlac an Coimisiún le sraith gealltanas a thairg *Aspen*[59], i ndiaidh imscrúdú ar phraghsáil iomarcach líomhnaithe de chuid Aspen. D'aontaigh Aspen a chuid praghsanna a ísliú 73 % ar an meán ar fud na hEorpa (seachas san Iodáil) i gcomhair sé chógas atá fíor- riachtanach chun foirmeacha tromchúiseacha d'ailse fola a chóireáil, lena n-áirítear mialóma agus leoicéime. Sábhálfaidh na híslithe praghais sin méideanna substaintiúla airgid ar chórais sláinte an Aontais, agus áiritheoidh siad go bhfanfaidh na cógais seo ar fáil sa mhargadh.

I mí an Mhárta 2021, thosaigh an Coimisiún imscrúdú foirmiúil in aghaidh trustaí chun a chinneadh cibé ar chuir *Teva* cosc, nó moill, ar theacht isteach gnólachtaí nua a bhí san iomaíocht le druga móréilimh Teva, is é sin Copaxone, rud a bhí chun aimhleasa othar agus córas sláinte[60].

I mí an Mhárta 2021, sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le cinneadh luath an Choimisiúin i gcás Lundbeck maidir le comhaontuithe íoc- ar- mhoill.

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás Lundbeck[61]**

I gcás *Lundbeck*, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cur chuige an Choimisiúin go hiomlán[62] maidir le comhaontuithe íoc- ar- mhoill i gcomhthéacs díospóidí paitinne. I

[56] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10.11.2021, Cás T-612/17, *Google LLC agus Alphabet, Inc. v an Coimisiún Eorpach*, EU:T:2021:763.
[57] Cás AT.39740, *Cuardach Search (Shopping)*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/antitrust/cases/dec_docs/39740/39740_14996_3.pdf.
[58] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10.11.2021, *Cás T-612/17, Google LLC agus Alphabet, Inc. v an Coimisiún Eorpach*, EU:T:2021:763.
[59] Cás AT.40394, *Aspen*, Cinneadh an Choimisiúin an 10.2.2021 maidir le himeacht faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 54 den Chomhaontú LEE C(2021) 724 final.
[60] Cás AT.40588, *Teva Copaxone*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3
[61] Breithiúnais na Cúirte Breithiúnais an 25.3.2021, C-586/16 P, *Sun Pharmaceutical Industries agus Ranbaxy (RA) v an Coimisiún* , EU:C:2021:241; C-588/16 P, *Generics (RA) v an Coimisiún* , AE:C:2021:242; C-591/16 P, *Lundbeck in aghaidh an Choimisiúin*, Ae:C:2021:243; C-601/16 P, *Arrow Group agus Arrow Generics v an Coimisiún* , AE:C:2021:244; C-611/16 P, *Xellia Pharmaceuticals agus Alpharma ina aghaidh an Choimisiúin*, AE:C:2021:245; agus C-614/16 P, *Merck KGaA v an Coimisiún* , AE:C:2021:246.
[62] Cinneadh an Choimisiúin C(2013) 3803 final an 19.6.2013 maidir le himeacht faoi Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 den Chomhaontú LEE (Cás AT.39226 – *Lundbeck*).

gcomhaontuithe íoc- ar- mhoill, tairgeann gnólacht cógaisíochta luachanna aistrithe do tháirgeoirí cógas cineálach chun iad a spreagadh a n-iontráil sa mhargadh a chur ar ceal nó a mhoilliú. In 2002, bhí roinnt comhaontuithe tugtha i gcrích ag Lundbeck le déantóirí éagsúla de chógais chineálacha maidir le leaganacha cineálacha den druga brandáilte de chuid Lundbeck, citalopram, firthdhúlagrán 'móréilimh'. D'aontaigh na gnólachtaí sin le Lundbeck gan teacht isteach sa mhargadh mar chúiteamh ar íocaíochtaí substaintiúla airgid thirim agus spreagthaí eile. B'ionann agus na scórtha milliún euro foriomlán na ndreasachtaí seo. Labhair Lundbeck go hinmheánach faoi '*chlub*' a bhunú agus '*carn $$$*' a roinnfí le táirgeoirí cineálacha.

Sheas an Chúirt Bhreithiúnais le measúnú an Choimisiúin gurbh ionann a leithéid de chomhaontuithe íoc- ar- mhoill agus srianta trí bhíthin ábhair, toisc nach bhféadfaí aon mhíniú eile a lua leis na haistrithe luacha seachas go raibh sé chun leasa na bpáirtithe gan dul in iomaíocht de bhua tuillteanais. Dheimhnigh an Chúirt freisin go raibh Lundbeck agus táirgeoirí na gcógas cineálach, ag an am a rinneadh na comhaontuithe, ina n-iomaitheoirí ionchasacha, toisc go raibh fíordheiseanna coincréiteacha acu teacht isteach sa mhargadh agus dul san iomaíocht le Lundbeck. Thairis sin, ní raibh aon bhacainní dosháraithe ina gcoinne.

I ndiaidh lainseáil an imscrúdaithe in aghaidh trustaí ar earnáil *Idirlíon na Rudaí Nithiúla* (IoT) de chuid an tomhaltóra in 2020[63], d'fhoilsigh an Coimisiún réamhthuarascáil le haghaidh comhairliúcháin i mí an Mheithimh 2021[64]. Dhírigh fiosrúchán na hearnála ar tháirgí agus ar sheirbhísí a bhain le glórchúntóirí digiteacha, gairis chliste bhaile agus gairis inchaite. Foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabh léi i mí Eanáir 2022[65].

**Tuarascáil Chríochnaitheach maidir le fiosrúchán na hearnála in 'Idirlíon na Rudaí Nithiúla' de chuid an tomhaltóra**

I mí Eanáir 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún toradh an fhiosrúcháin earnála a rinne sé ar Idirlíon na Rudaí Nithiúla ('IoT') de chuid an tomhaltóra.[66]. Tá an earnáil seo ag fás go tapa, agus tá an t-éileamh ag dul i méid ar ghlórchúntóirí mar chomhéadain úsáideora chun idirghníomhú le gairis chliste eile agus seirbhísí tomhaltóra IoT. Aithníodh roinnt fadhbanna féideartha iomaíochta, ar nós eisiachais agus díol nasctha do ghlórchúntóirí, an fhéidearthacht chun glórchúntóirí éagsúla a úsáid ar an ngaireas cliste céanna a theorannú, easpa idir- inoibritheachta agus feidhmiúlachtaí a theorannú ar ghairis chliste tríú páirtí agus ar sheirbhísí IoT. D'fhéadfadh an timpeallacht chasta chaighdeánaithe, agus na teicneolaíochtaí casta dílseánaithe tionchar diúltach a bheith acu ar an acmhainneacht fáis do tháirgí IoT tomhaltóra. Ba chúis eile imní é go dteorannófaí gnéithe réidh- le- húsáid ar úsáideoirí. Ba shrianta féideartha eile ar iomaíocht iad réamhshuiteálacha, réamhshocruithe agus seirbhísí IoT tomhaltóra a bheith suite go feiceálach ar ghairis chliste nó i ndáil le guthchúntóirí. Soláthróidh an fhaisnéis a bailíodh i bhfiosrúchán na hearnála ar IoT an tomhaltóra treoraíocht do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus rialála an Choimisiúin sa todhchaí. Cuireann sí freisin leis an argóint reachtach ar thogra an Choimisiúin le haghaidh na hIonstraime um Margaí Digiteacha.

### 3.2. Chuidigh rialú cumasc leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach

Áirithíonn rialú cumasc go dtarlaíonn comhdhlúthú ar bhealach a chaomhnaíonn brú leordhóthanach iomaíochta sna margaí dá ndéanfaidh cumasc difear. Coisceann rialú cumasc cruthú struchtúr margaidh ina bhfuil rogha róbheag ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí agus ina

[63] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_1326.
[64] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_2884.
[65] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_402.
[66] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa: Tuarascáil Chríochnaitheach – Fiosrúchán earnála maidir le hIdirlíon na Rudaí Nithiúla de chuid an tomhaltóra, Doiciméad Inmheánach Oibre (2022) 10 final, 20.1.2022.

gcaitheann siad déileáil le níos lú nuálaíochta, cáilíocht níos ísle nó praghsanna níos airde. Éilíonn rialú cumasc measúnú ar éifeachtaí dearfacha agus diúltacha comhdhlúthaithe.

In 2021, d'fhan gníomhaíocht cumasc an Choimisiúin ar leibhéal an- ard. Ghlac an Coimisiún 396 chinneadh cumaisc in earnálacha éagsúla (in 2020 ghlac an Coimisiún 352 chinneadh cumaisc), ar formheasadh 309 díobh tar éis nós imeachta simplithe. Rinne an Coimisiún idiragairt in 14 éadáil bheartaithe, ar formheasadh 11 idirbheart díobh faoi réir coinníollacha. Thréig na páirtithe trí idirbheart dár tugadh fógra, agus aistarraingíodh iad i gCéim II.

I mí an Mhárta 2021, d'fhormheas an Coimisiún, i ndiaidh imscrúdú domhain agus faoi réir coinníollacha, éadáil *Eaton Hydraulics* le *Danfoss*[67]. Soláthraíonn an gnólacht comhpháirteanna hiodrálacha a úsáidtear in innealra sna hearnálacha talmhaíochta, tionsclaíochta agus tógála. Thug na gealltanais aghaidh ar imní an Choimisiúin i ndáil le hiomaíocht, agus d'áirithigh siad go leanfadh monaróirí iartheachtacha innealra de bheith ag baint tairbhe as praghsanna iomaíocha agus rogha fhairsing de chomhpháirteanna nuálacha dá gcuid táirgí.

I mí an Mhárta 2021, d'fhormheas an Coimisiún, i ndiaidh imscrúdaithe domhain agus faoi réir coinníollacha, éadáil *GrandVision le EssilorLuxottica*[68]. Tá an gnólacht gníomhach sna margaí le haghaidh táirgí súl (spéaclaí gréine, lionsaí agus frámaí) agus trádáil mhiondíola dá leithéid de tháirgí. Trí idiragairt a dhéanamh, d'áirithigh an Coimisiún go bhfanann an iomaíocht go beoga ar leibhéal na miondíola, rud a théann chun leasa na gcustaiméirí sa Bheilg, san Iodáil agus san Ísiltír.

I mí Aibreáin 2021, chinn *Air Canada* agus *Transat* comhaontú beartaithe cumaisc a fhoirceannadh[69]. Tháinig sé seo i ndiaidh imscrúdú domhain leis an gCoimisiún ar an éadáil bheartaithe dár tugadh fógra i mí Aibreáin 2020, ag díriú ar oibríochtaí forluiteacha na bpáirtithe sna seirbhísí aeriompair paisinéirí idir LEE agus Ceanada. Ba iad réamhchinntí an Choimisiúin ná go nginfeadh an t-idirbheart beartaithe imní i ndáil le hiomaíocht ar líon mór bealaí trasatlantacha agus, bunaithe ar thorthaí na tástála margaidh, go raibh cuma easnamhach ar an gcúiteamh a bhí á thairiscint ag na páirtithe.

I í na Nollag 2021, chinn an *Grúpa Idirnáisiúnta Aerlínte Comhdhlúthaithe* (IAG*)* agus *Air Europa* a gcomhaontú beartaithe cumaisc a tharraingt siar[70]. Tháinig an tarraingt siar i ndiaidh imscrúdú domhain leis an gCoimisiún ar an éadáil bheartaithe ar Air Europa le IAG a rialaíonn Iberia, British Airways agus roinnt aerlíne eile.[71]. Ba chúis imní don Choimisiún é go bhféadfadh an t-idirbheart beartaithe iomaíocht a laghdú go mór ar 70 péire cathracha tionscnaimh agus ceann scríbe laistigh den Spáinn agus chuig an/ón Spáinn, ina bhfuil seirbhísí díreacha á dtairiscint ag an dá aerlíne.

[67] Cás M.9820 – *Danfoss /Eaton Hydraulics*.
[68] Cás M 9569 – *EssilorLuxottica / Grandvision*.
[69] Cás M.9489 – *Air Canada / Transat*.
[70] Cas M.9637 – *IAG / Air Europa*, IO C 519, 22.12.2021, lch. 2.
[71] Cás M.9637 – *IAG / Air Europa*.

In 2021, lean an Coimisiún dá imscrúdú domhain ar an éadáil bheartaithe ar *Daewoo Shipbuilding & Marine Engineering* ag *Hyundai Heavy Industries Holding*. I mí Eanáir 2022, thoirmisc an Coimisiún an cumasc toisc go gcruthódh sé staid cheannasach don ghnólacht cumaisc, agus go laghdódh sé an iomaíocht sa mhargadh domhanda le haghaidh tógáil iompróirí móra do ghás leachtaithe. Cuidíonn gás nádúrtha leachtaithe (GNL) le héagsúlú foinsí fuinnimh an Aontais, agus feabhsaíonn sé slándáil fuinnimh.

## 3.3. Chuidigh rialú Státchabhrach leis an aistriú digiteach agus le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair

Tá bonneagar leathanbhanda a chomhlíonann na riachtanais i gcomhair luasanna, inniúlachtaí agus cáilíocht atá an- ard ríthábhachtach chun spriocanna nascachta 2025 an Aontais a bhaint amach, spriocanna a leagtar amach i Sochaí Ghigighiotáin 2025 an Aontais[72] agus an Straitéis Dhigiteach[73] chomh maith le spriocanna nascachta 2030 an Aontais a leagtar amach sa Chompás Digiteach 2030[74]. Bíonn Státchabhair ina chuidiú le rolladh amach na líonraí leathanbhanda ardfheidhmíochta san Aontas i dtaobh aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh, is é sin le rá staideanna agus ceantair áit nach bhfuil aon spreagadh d'oibreoirí tráchtála dóthain clúdaigh leathanbhanda a chur ar fáil.

In 2021, i dteannta leis na tionscadail a thacaíonn leis an rolladh amach agus le glacadh seirbhísí leathanbhanda fosaithe, rinne an Coimisiún roinnt tionscadal a fhormheas maidir le rolladh amach seirbhísí leathanbhanda gan sreang, lena n-áirítear, i mí na Bealtaine 2021, scéim cabhrach sa Ghearmáin de EUR 2,1 billiún[75] agus, i mí na Nollag 2021, scéim sa Spáinn chun tacú le bonneagar éighníomhach a imscaradh ar mhaithe le seirbhísí cumarsáide móibíleacha i gceantair gan clúdach móibíleach 4G a thacú[76].

I mí an Mheithimh 2021, chinn an Coimisiún gur sháraigh an chabhair a fuarthas ó oibreoirí trastíre maidir le fadú líonra teilifíse trastíre go ceantair iargúlta sa Spáinn rialacha an Aontais maidir le státchabhair. I ndiaidh neamhniú cinnidh ón gCoimisiún ó 2013 (a bhain le gach réigiún ach amháin Castilla-La Mancha), dheimhnigh an Coimisiún go bhfuair na hoibreoirí ó ardáin trastíre, idir 2005 agus 2008, buntáiste roghnaitheach neamh- chomhoiriúnach i gcomparáid leis na hiomaitheoirí eile. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh an Choimisiúin maidir le Castilla-La Mancha i mí Mheán Fómhair 2018[77]. Ós rud é nach raibh an Spáinn i ndiaidh ach cuid den chabhair a aisghabháil, thionscain an Coimisiún imeachtaí dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais. I mí Aibreáin 2021, chinn an Chúirt gur theip ar an Spáinn an chabhair a aisghabháil (C-704/19)[78]. Tá aisghabháil na cabhrach sin fós ag dul ar aghaidh.

---

[72] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Nascacht i gcomhair Margadh Aonair Digiteach atá Iomaíoch – I dTreo Sochaí Ghigighiotáin Eorpach – COM (2016) 0587, 14.9.2016.
[73] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, 19.2.2020. Féach: https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/communication-shaping-europes-digital-future-feb2020_en_4.pdf.
[74] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Compás Digiteach: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití, COM(2021) 118 final, 9.3.2021.
[75] Cás SA.59574, *An Ghearmáin – Imscaradh bonneagair mhóibíligh ardfheidhmíochta sa Ghearmáin – DE*, OJ C 410, 8.11.2021, lch. 1.
[76] Cás SA.64394 RRF – An Spáinn – Scéim cabhrach náisiúnta maidir le bonneagar éighníomhach do líonraí móibíleacha.
[77] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20.9.2018, C-114/17, *Ríocht na Spáinne v an Coimisiún* , EU:C:2018:309.
[78] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29.4.2021, C-704/19, *An Coimisiún in aghaidh Ríocht na Spáinne*, EU:C:2021:342.

## 4. Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta leis an aistriú glas

Is maith atá beartas iomaíochta an Aontais in ann cuidiú a thabhairt maidir le cuspóirí comhshaoil an Aontais agus spriocanna aeráide, lena n-áirítear dícharbónú an gheilleagair, agus an t-athrú ar earnáil an iompair ó bhreoslaí iontaise truaillitheacha go breoslaí ailtéarnacha i gcomhréir le beartas soghluaisteachta an Aontais. Cuidíonn forfheidhmiú an dlí iomaíochta leis an gComhaontú Glas don Eoraip[79] trí mhargaí a choimeád éifeachtach, cóir agus nuálach. Sa chomhthéacs seo, tá forfheidhmiú éifeachtach faoin ionstraim um Státchabhair ríthábhachtach chun saobhadh ar an iomaíocht sa Mhargadh Aonair a sheachaint.

I mí Feabhra 2021 d'eagraigh Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta comhdháil leis na páirtithe leasmhara chun idirphlé a dhéanamh maidir le conas is féidir le beartas in aghaidh trusta, beartas cumaisc agus beartas um Státchabhair oibriú in éineacht le beartais chomhshaoil agus aeráide. Mar bheart leantach, d'fhoilsigh Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta i mí Mheán Fómhair 2021, Achomair Beartais Iomaíochta faoin mbealach ar féidir le beartas iomaíochta tacaíocht a thabhairt maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus conas mar a dhéanfaidh sé amhlaidh[80].

### 4.1. Chuidigh rialú státchabhrach leis an aistriú Glas

In 2021, cheadaigh an Coimisiún roinnt beart maidir le Státchabhair chun tacú le haistriú glas an Aontais. Rinne an Coimisiún, go háirithe, 18 mbeart a thacaigh le fuinneamh inathnuaite agus 7 gcinn a thacaigh le soghluaisteacht ghlan a fhormheas.

I mí Eanáir 2021, ghlac an Coimisiún cinneadh a d'údaraigh an dara Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI) maidir le ceallraí[81]. Tabharfaidh an tionscadal seo, dar teideal Nuálaíocht Ceallra Eorpaigh tacaíocht maidir le taighde agus nuálaíocht sa slabhra luacha ceallra. Cuirfidh an 12 Bhallstát suas go dtí EUR 2,9 billiún i maoiniú sna blianta a bheidh le teacht. Meastar go gcuirfidh an maoiniú poiblí EUR 9 mbilliún sa bhreis ar fáil mar infheistíochtaí príobháideacha. Comhlánaíonn an tionscadal an chéad IPCEI sa slabhra luacha ceallra a fhormheasadh i mí na Nollag 2019[82]. Tá an tionscadal comhsheasmhach le beartais an Choimisiúin maidir le haistriú ó bhreoslaí iontaise go teicneolaíochtaí breosla ionadúla, agus aistriú glas agus digiteach gheilleagar an

[79] *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, The European Green Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final.
[80] https://ec.europa.eu/competition-policy/index/news/competition-policy-brief-12021-policy-support-europes-green-ambition-2021-09-10_en.
[81] Státchabhair: Déanann an Coimisiún EUR 2,9 billiún maidir le tacaíocht phoiblí a fhormheas ó 12 Bhallstát maidir le tionscadal taighde agus nuálaíochta Uile- Eorpach ar fud an tslabhra luacha ceallra iomláin, Preasráiteas an Choimisiún 26.1.2021. Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_21_226. Beidh leagan neamhrúnda an chinnidh curtha ar fáil faoi chás- uimhreacha SA.55855 (An Ostair), SA.55840 (An Bheilg), SA.55844 (An Chróit), SA.55846 (An Fhionlainn), SA.55858 (An Fhrainc), SA.55831 (An Ghearmáin), SA.56665 (An Ghréig), SA.55813 (An Iodáil), SA.55859 (An Pholainn), SA.55819 (An tSlóvaic), SA.55896 (An Spáinn), agus SA.55854 (An tSualainn) sa chlár Státchabhrach ar an suíomh gréasáin iomaíochta. Féach: https://ec.europa.eu/competition/state_aid/register/.
[82] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_19_6705.

Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus an Straitéis Digiteach[83] chomh maith le hathléimneacht gheilleagar na hEorpa a mhéadú.

I mí Feabhra 2021, rinne an Coimisiún pleananna na Rómáine a fhormheas chun tacú le huasghrádú an chórais téimh dúiche i mBúcairist[84]. Cuideoidh an EUR 254 mhilliún arna mhaoiniú ag cistí struchtúracha an Aontais leis an Rómáin a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach agus rannchuideoidh sé le laghdú ar gháis ceaptha teasa agus truailleáin eile gan iomaíocht a shaobhadh go míchuí.

I mí Aibreáin 2021, rinne an Coimisiún fadú agus modhnú a fhormheas maidir le scéim sa Ghearmáin chun tacú le táirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite agus ó ghás mianaigh, chomh maith le laghduithe ar mhuirir chun tacaíocht do leictreachas ó fhoinsí inathnuaite a mhaoiniú. Beidh an laghdú ar tháillí ar fáil do chuideachtaí dianfhuinnimh agus leictreachas cois cladaigh chuig longa ar bheart i gcalafoirt.

I mí na Bealtaine 2021, rinne an Coimisiún scéim cabhrach a fhormheas sa Danmhairg chun tacú le táirgeadh leictreachais ó fhoinsí inathnuaite. Cuideoidh an beart sin leis an Danmhairg a spriocanna fuinnimh inathnuaite a bhaint amach gan iomaíocht a shaobhadh go míchuí agus cuideoidh sé le cuspóir na hEorpa aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050[85].

I mí an Mheithimh 2021, rinne an Coimisiún fadú agus modhnú a fhormheas maidir le scéim atá sa Ghearmáin cheana féin chun tacú le táirgeadh leictreachais ag monarchana comhghiniúna ardéifeachtúlachta atá nua, nuachóirithe agus iarfheistithe. Cuirfidh an scéim fhormheasta éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn agus cuideoidh sí le tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí CO2[86].

I mí Iúil 2021, rinne an Coimisiún scéim EUR 30,5 billiún sa Fhrainc a fhormheas chun tacú le grianmhonarchana ar tír mór, gaothmhonarchana ar tír mór agus monarchana hidrileictreacha. Cuideoidh an beart seo leis an Danmhairg a spriocanna fuinnimh inathnuaite a bhaint amach gan iomaíocht a shaobhadh go míchuí agus cuideoidh sé le cuspóir na hEorpa aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050[87].

Ina theannta sin, i mí na Nollag 2021, rinne an Coimisiún scéim EUR 900 milliún sa Ghearmáin a fhormheas chun tacú le hinfheistíochtaí maidir le táirgeadh hidrigine inathnuaite i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus déanfar iad a allmhairiú agus a dhíol ina dhiaidh sin san Aontas[88]. Is é aidhm na scéime, a dtugtar H2Global uirthi, éileamh an Aontais a chomhlíonadh maidir le hidrigin inathnuaite, a bhfuiltear ag súil le méadú ina thaobh sna blianta a bheidh le teacht, trí fhorbairt acmhainne inathnuaite lasmuigh den Aontas nár baineadh tairbhe aisti go fóill a thacú. Thairis sin, tabharfaidh H2Global tacaíocht do

[83] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, 19.2.2020. Féach: https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/communication-shaping-europes-digital-future-feb2020_en_4.pdf.
[84] Cás SA.57425, *An Rómáin – Beart tacaíochta d'uasghrádú an líonra córais téimh dúiche i mBardasacht Búcairist* IO C 177, 7 Bealtaine 2021, lch. 1.
[85] Cás SA.56831, *An Danmhairg – tairiscintí foinsí inathnuaite fuinnimh ilteicneolaíochta 2021-2024*, OJ C 214, 4.6.2021, lch. 1.
[86] Cás SA.56826, *An Ghearmáin – 2020 athchóiriú ar thacaíocht do chomhghiniúint,* OJ C 306, 30.7.2021, lch. 1.
[87] Cás SA.50272, *An Fhrainc – glaonna ar thairiscintí maidir le foinsí in- athnuaite fuinnimh 2021-2026,* , OJ C 450, 5.11.2021, lch. 1.
[88] Cás SA.62619, *An Ghearmáin – H2Global.* Níl an leagan poiblí den chinneadh sin ar fáil go fóill. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3

thionscadail a bhíonn ina gcúis le laghduithe substaintiúla ar astaíochtaí ceaptha teasa, i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil aeráide, a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip.

### 4.2 Chuidigh forfheidhmiúcháin in aghaidh trustaí agus rialú cumaisc leis an aistriú glas

I mí Iúil 2021, chinn an Coimisiún gur sháraigh monaróirí gluaisteáin *Daimler*,*BMW* agus *Grúpa Volkswagen* (*Volkswagen*, *Audi* agus *Porsche*) rialacha in aghaidh trustaí san Aontas óir bhí siad i mbun claonpháirteachais maidir le forbairt theicniúil sa réimse glantóireacht ocsaíde nitrigine i dtaca le gluaisteáin díosail[89]. D'fhorchuir an Coimisiún fíneálacha EUR 875,2 milliún i ndiaidh gur aontaigh na páirtithe uile an cás a shocrú faoin nós imeachta um réiteach díospóidí cairtéil. Níor forchuireadh fíneáil ar Daimler toisc gurb é siúd a nocht don Choimisiún gurbh ann don chairtéal. Bhí na monaróirí gluaisteáin i mbun claonpháirteachais ar mhaithe le srian a chur ar lánacmhainn teicneolaíochta a fhorbrófaí i gcomhpháirt chun astaíochtaí díobhálacha ó ghluaisteáin díosail a theorannú trí chomharthaí a thabhairt idir eatarthu nach rachaidís i gcomórtas le chéile maidir le róchomhlíonadh chaighdeáin gluaisteáin an Aontais.

I mí Aibreáin 2021, ghearr an Coimisiún fíneálacha ar chuideachtaí iarnróid *Österreichische Bundesbahnen* (ÖBB), *Deutsche Bahn* (DB) agus *Société Nationale des Chemins de fer belges / Nationale Maatschappij der Belgische Spoorwegen* (SNCB) de EUR 48 milliún ar an iomlán de dheasca rannpháirteachais i gcairtéal leithdháilte custaiméara[90]. Bhain an sárú le seirbhísí iarnróid trasteorann um iompar lastais san Aontas arna sholáthar ag ÖBB, DB agus SNCB faoin tsamhail roinnte lastais agus curtha i gcrích i mbloctraenacha mar a ghairtear díobh[91]. Nocht imscrúdú an Choimisiúin go ndearnadh na trí chuideachta iarnróid a n-iompar a chomhordú trí fhaisnéis chlaonpháirteach a mhalartú maidir le hiarratais ó chustaiméirí i dtaca le tairiscintí iomaíocha agus trí mheastacháin chlúdaigh a sholáthar dá chéile d'fhonn a ngnólachtaí faoi seach a chosaint.

I mí Mheán Fómhair 2021, rinne an Coimisiún bearta ceangailteacha ó thaobh dlí de a mhol an Ghréig chun cead a thabhairt d'iomaitheoirí na *Cuideachta um Chumhacht Phoiblí* níos mó leictreachais a cheannach ar bhonn fadtéarmach[92]. Chuir an Ghréig na bearta sin isteach chun deireadh a chur leis an saobhadh margaidh a tháinig chun cinn de bharr rochtain eisiach na Cuideachta um Chumhacht Phoiblí ar ghiniúint lignítbhreoslaithe, rud a chinn an Coimisiún agus Cúirteanna an Aontais a chruthaigh neamh- chomhionannas deiseanna i margaí leictreachais na Gréige. Rachaidh na leigheasanna molta in éag nuair a stopfaidh na monarchana lignίte atá ann faoi láthair ag oibriú ar bhonn tráchtála nó, ar a dhéanaí, faoin 31 Nollaig 2024[93].

---

[89] Cás AT.40178 , *Astaíochtaí gluaisteáin*, Féach: https://ec.europa.eu/competition/antitrust/cases1/202146/AT_40178_8022289_3048_5.pdf.
[90] Cás AT.40330, *Lasta iarnróid*. Féach:
https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3
[91] Faoin tsamhail roinnte lasta, ar samhail conartha í atá aitheanta sa dlí idirnáisiúnta iarnróid, cuireann cuideachtaí iarnróid a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid trasteorann praghas uile aonair ar fáil do chustaiméirí maidir leis an tseirbhís arna héileamh faoi chonradh iltaobhach aonair.
[92] Cás AT.38700, *Margaí lignίte agus leictreachais na Gréige.* Féach:
https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3
[93] Rinne an Ghréig na gealltanais chéanna leis an nGrúpa Euro in 2018 mar choinníoll i dtaca le scaoileadh faoisimh airgeadais breise faoin Sásra Cobhsaíochta Eorpach maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh na Gréige.

I mí na Nollag 2021, ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 20 milliún ar *Abengoa S.A.* agus a fhochuideachta *Abengoa Bionenergía S.A.*[94], de dheasca rannpháirteachais i gcairtéal a bhain le sásra praghasmhúnlaithe mórdhíola i margadh eatánóil na hEorpa. Is féidir le bithbhreoslaí cuidiú le hiompar níos glaine a chur chun cinn agus gáis ceaptha teasa a laghdú agus dá bhrí sin ról lárnach a bheith acu san aistriú glas.

Sa réimse rialaithe cumaisc, rinne an Coimisiún a fhormheas le coinníollacha éadáil *Suez* ag *Veolia*[95] i mí na Nollag 2021. Tá Veolia agus Suez gníomhach san earnáil um chóireáil uisce agus san earnáil um bainistíocht dramhaíola. Cuireann an dá chuideachta réimse leathan seirbhísí ar fáil do chustaiméirí cathrach agus tionsclaíocha. Nocht imscrúdú an Choimisiúin go mbeadh an t-idirbheart ina chúis le forluití cothrománacha suntasacha i roinnt margaí sa Fhrainc agus in LEE. Bheadh riosca ann go gcuirfeadh na forluití sin deireadh leis an mbrú iomaíoch a chuireann Suez ar Veolia. Dá bhrí sin bheadh rogha laghdaithe ag custaiméirí i dtaca le seirbhísí réitigh, go hiondúil teoranta don eintiteas cumasctha, agus gan aon chumhacht mhargála cheart acu.

## 5. Chuidigh Beartas Iomaíochta le Geilleagar a fhóireann do dhaoine

Tá an geilleagar margaidh shóisialta ar cheann de na bunchloiche ar a tógadh an tAontas agus tá beartas iomaíochta an Aontais mar bhonn taca faoi. In 2021, thug Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta tacaíocht don phríomhuaillmhian sin trí na rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú agus trí iomaíocht a chosaint ar théarmaí córa cothroma. Cuireadh an ghné dhigiteach san áireamh mar shampla le linn chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, Aontas na Margaí Caipitil, an Aontais Baincéireachta, agus trí chánachas éifeachtach a áirithiú[96].

### 5.1. Seirbhísí airgeadais Eorpacha atá athléimneach

#### *Forfheidhmiú in aghaidh trustaí sna Seirbhísí Airgeadais*

Tá ról tábhachtach ag beartas iomaíochta an Aontais chun a chinntiú go dtarlaíonn iomaíocht ar théarmaí córa cothroma ar fud na hearnála airgeadais. In 2021, dhírigh an Coimisiún go mór ar fhorfheidhmiú cairtéil san earnáil seirbhísí airgeadais, agus fíneálacha á bhforchur, EUR 740 milliún san iomlán, ar 16 institiúid airgeadais éagsúla.

I mí Aibreáin 2021[97], ghlac an Coimisiún cinneadh in aghaidh *Bank of America Merrill Lynch*, *Crédit Agricole*, *Credit Suisse* agus *Deutsche Bank* de dheasca páirt a ghlacadh i gcairtéal bainteach le bannaí forfhlaithiúnais bannaí flaithiúnais agus bannaí gníomhaireachta ainmnithe i ndollar na Stát Aontaithe. Chuaigh na ceithre bhanc infheistíochta i gcomhar le croíghrúpa trádálaithe a mhalartaigh faisnéis tráchtála íogaire. Rinne rannpháirtithe an chairtéil cumarsáid le chéile trí sheomraí comhrá iltaobhacha nó déthaobhacha agus úsáid á baint as teirminéil Bloomberg.

[94] Cás AT.40054, *Tagarmharcanna Eatánóil*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/case_details.cfm?proc_code=1_40054
[95] Cás M.9969, *Veolia / Suez*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3
[96] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Plean gníomhaíochta chun imghabháil chánach a chomhrac agus chun cánachas a dhéanamh simplí agus éasca (Ráithe 2 2020) arna áireamh i gClár Oibre Coigeartaithe an Choimisiúin 2020 COM(2020) 440 final Iarscríbhinní 1 agus 2, 27.5.2020.
[97] Cas AT.40346, *bannaí Flaithiúnais agus Gníomhaireachta*, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_2004

I mí na Bealtaine 2021, ghearr an Coimisiún pionós ar chairtéal trádála bannaí eile, agus fíneálacha EUR 371 mhilliún á bhforchur. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur sháraigh *Bank of America*, *Natixis*, *Nomura*, *RBS* (anois *NatWest*), *UBS*, *UniCredit* agus *WestLB* (anois *Portigon*) rialacha an Aontais in aghaidh trustaí. Ghlac grúpa trádálaithe a bhí fostaithe ag na cuideachtaí sin páirt i gcairtéal sna margaí príomhúla agus tánaisteacha do Bhannaí Rialtais na hEorpa[98]

I mí na Nollag 2021, ghearr an Coimisiún pionós ar an tríú cairtéal sa mhargadh airgeadraí spot- trádála[99]. Ghearr an Coimisiún fíneálacha ar *Barclays*, *RBS HSBC* agus *Credit Suisse* de EUR 344 mhilliún san iomlán (sa bhreis ar an EUR 1,7 billiún a fhorchuireadh cheana féin ar na gnóthais seo sa dá chás Forex roimhe sin).

I mí an Mheithimh 2021, d'eisigh an Coimisiún Ráiteas Agóidí chuig *Insurance Ireland*, comhlachas d'árachóirí Éireannacha. Thug an Coimisiún réamhthuairim gur sháraigh Insurance Ireland rialacha an Aontais in aghaidh trustaí trí shrian a chur ar iomaíocht i margadh árachais mótarfheithicle na hÉireann[100].

### *Forfheidhmiú Státchabhrach i seirbhísí airgeadais*

D'údaraigh an Coimisiún fadú roinnt scéimeanna Státchabhrach atá ann faoi láthair chun go bhféadfadh na Ballstáit leanúint le neartú athléimneacht na hearnála airgeadais, ach gan aon ghá Státchabhair nua a dheonú d'institiúidí airgeadais aonair. Thairis sin, d'údaraigh an Coimisiún fadú scéimeanna maidir le hathstruchtúrú agus scor ordúil ón margadh i gcás banc in anás suite sa Pholainn[101], in Éirinn[102] agus sa Danmhairg[103]. Ina theannta sin, chuaigh an Coimisiún i ngleic le ganntanas leachtachta féideartha i dtaca le bainc sa Ghréig[104]. Ar deireadh, d'údaraigh an Coimisiún fadú scéimeanna ráthaíochta i gcomhréir leis an margadh i dtaca le hurrúsú iasachtaí neamhthuillmheacha sa Ghréig (Hercules[105]) agus san Iodáil (GACS[106]). Cuidíonn na scéimeanna ráthaíochta sin le bainc a gcláir chomhardaithe a ghlanadh suas gan Státchabhair a dheonú ná iomaíocht a shaobhadh.

Maidir leis an gCipir[107] agus an Ghréig[108], d'údaraigh an Coimisiún Státchabhair indíreach do roinnt institiúidí airgeadais. Tá na scéimeanna Státchabhrach dírithe go príomhúil ar thacaíocht shóisialta a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha atá i mbaol a n-áit chónaithe a

[98] Cás AT.40324, *Bannaí Rialtais na hEorpa*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/antitrust/cases1/202142/AT_40324_7971056_3662_3.pdf

[99] Cás AT.40135, *FOREX* https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/case_details.cfm?proc_code=1_AT_40135

[100] Cás AT.40511, *Insurance Ireland: Bunachar sonraí árachais agus coinníollacha maidir le rochtain*. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3

[101] Cás SA.63002, *An Pholainn – An t-aonú fadú dhéag ar Scéim Leachtach Ordúil na gComhar Creidmheasa,* IO C 285, 16.7.2021, lch. 1; Cás SA.64522, *An Pholainn – An séú fadú de scéim réitigh do chomharbhainc agus bainc thráchtála bheaga,* IO C 487, 3.12.2021, lch. 1.

[102] Cás SA.62303, *Éire – An 13ú Fadú de scéim athstruchtúraithe agus cobhsaíochta na gComhar Creidmheasa,* IO C 240, 18.6.2021, lch. 1; Cás SA.100030, *Éire – An 14ú Fadú de Scéim Athstruchtúraithe agus Cobhsaíochta na gComhar Creidmheasa* IO C 487, 3.12.2021, lch. 1; agus Cás SA.62649, *Éire – An 17ú Fadú de Scéim Réitigh na gComhar Creidmheasa 2020-2021,* OJ C 240, 18.6.2021, lch. 1.

[103] Cás SA.58478, *An Danmhairg – An tríú fadú de scéim foirceanta do bhainc bheaga,* IO C 60, 19.2.2021, lch. 1.

[104] Cás SA.59030, *An Ghréig – Fadú na Scéime Ráthaíochta Leachtachta do bhainc,* IO C 144, 23.4.2021, lch. 1.

[105] Cás SA.62242, *An Ghréig – Fadú na Scéime Hercules,* IO C 214, 4.6.2021, lch. 1.

[106] Cás SA.62880, *An Iodáil – Fadú Scéim Ráthaíochta na hIodáile i dtaca le hurrúsú iasachtaí neamhthuillmheacha,* IO C 295, 23.7.2021, lch. 1.

[107] Cás SA.63005, *An Chipir – Scéim maidir le bainistíocht iasachtaí deonaithe sa Chipir faoi Phleananna Tithíochta an Rialtais (Scéim OIKIA),* IO C 366, 10.9.2021, lch. 1.

[108] Cás SA.100197, *An Ghréig – Síneadh na scéime SA.58555 'Scéim chosanta um Phríomháit Chónaithe Shealadach'*. Níl an leagan oifigiúil den chinneadh sin ar fáil go fóill. Níl an leagan oifigiúil den chinneadh sin ar fáil go fóill. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=1,2,3

chailleadh. Ina theannta sin, d'údaraigh an Coimisiún tacaíocht na mBallstát i dtaca le FBManna a bunaíodh le gairid agus cuideachtaí nuathionscanta atá á gcoinneáil siar go minic ceal rochtana ar mhaoiniú. Chun na críche sin, rinne an Coimisiún modhnú den scéim maoinithe riosca atá ann faoi láthair sa Fhraince a fhormheas[109].

## 5.2. Státchabhair fhioscach agus buntáistí cánach roghnaitheacha

Rinne an Coimisiún roinnt scéimeanna Státchabhrach a fhormheas in 2021 maidir le híocaíocht chánach a chur siar chun tionchar eacnamaíoch phaindéim COVID- 19 a mhaolú. I mí Eanáir 2021, rinne an Coimisiún a fhormheas, faoin gCreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach, scéim chabhrach EUR 156 mhilliún sa Liotuáin do chuideachtaí a ndearna paindéim COVID- 19 difear diúltach dóibh[110]. Áirítear sa tacaíocht phoiblí sin íocaíocht chánach a chur siar agus bearta leachtachta a bhaineann le cúrsaí cánach (mar shampla íocaíocht riaráistí cánach i dtráthchodanna, tréimhsí fiachais saor ó ús chomh maith le haisghabháil cánach a chur ar fionraí).

I mí an Mhárta 2021, bhí an Coimisiún i ndiaidh cinneadh a dhéanamh an Ríocht Aontaithe a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais de dheasca mainneachtana i dtaca le Státchabhair neamhdhleathach suas go EUR 100 milliún a aisghabháil go hiomlán. Deonaíodh an Státchabhair neamhdhleathach mar dhíolúine ó cháin maidir le hús éighníomhach agus dleachta i nGiobráltar idir 2011 agus 2013[111]. Dhearbhaigh an Coimisiún go raibh an réimeas um dhíolúine ó cháin chorparáideach neamhdhleathach agus ar neamhréir le rialacha Státchabhrach in 2018 agus níos mó ná 2 bhliain i ndiaidh chinneadh an Choimisiúin bhí na húdaráis i nGiobráltar i ndiaidh níos lú ná 20 % den chabhair neamhdhleathach iomlán a aisghabháil[112]. Ós rud é gur aisíocadh na méideanna cabhrach a bhí ar feitheamh go hiomlán i gcuntais eascró idir mí na Bealtaine 2021 agus mí Iúil 2021, rinne an Coimisiún aisghairm ar a chinneadh roimhe sin imeachtaí faoi Airteagal 108(2) CFAE a thionscnamh in aghaidh na Ríochta Aontaithe.

## 5.3. Lean an beartas iomaíochta de bheith ag maolú thionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19

D'úsáid an Coimisiún solúbthacht iomlán na rialacha Státchabhrach maidir le himthosca eisceachtúla chun dul in oiriúint leis an gCreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach. Chuir an t-athrú uirlisí saincheaptha ar fáil do na Ballstáit agus tacaíocht á tabhairt don gheilleagar le linn phaindéim COVID- 19. Ó glacadh leis den chéad uair i mí an Mhárta 2020, chuir an Coimisiún na rialacha in oiriúint do riachtanais na mBallstát agus gnólachtaí faoi mar a bhí siad ag teacht chun cinn. Glacadh le dhá leasú sa bhreis i mí Eanáir agus mí na Samhna 2021[113]. Leagann an séú leasú bealach síos i dtreo chéimniú amach na

[109] Cás SA.59985, *An Fhrainc - Modhnú an chinnidh Státchabhrach SA. 55869 (2019/N) : Foráil IR-PME maidir le hinfheistíochtaí san FCPI agus FIP,* IO C 195 21.5.2021, lch. 1.
[110] Cás SA.60632, *An Liotuáin - COVID- 19 - Íocaíochtaí cánach a chur siar*, IO C 41, 5.2.2021, lch. 1.
[111] Cinneadh (AE) 2019/700 ón gCoimisiúin an 19 Nollaig 2018 maidir leis an Státchabhair SA.34914 (2013/C) arna chur chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le Réimeas Cánach Corparáidí Ghiobráltar, C/2018/7848, IO L 119, 7.5.2019, lch. 151–20.
[112] Baineann an cás seo le fíorais a tharla roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.
[113] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Creat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID- 19 (IO C 91I, 20.3.2020, lch. 1), arna leasú le Teachtaireachtaí C(2020) 2215 (IO C 112I, 4.4.2020, lch. 1), C(2020) 3156

mbeart céim ar chéim ach le héifeachtaí aille a sheachaint ag an am céanna mar aon leis an riosca d'éagsúlacht níos mó idir na Ballstáit a theorannú.

### *Cinntí Státchabhrach faoi Airteagal 107(3)(b) CFAE agus an Creat Sealadach*

Lean an Coimisiún ag déanamh measúnú ar bhearta státchabhrach faoi Airteagal 107(3)(b) CFAE agus an Creat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach. Déanann an Creat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach, a bunaíodh i dtosach le dáta éaga an 31 Nollaig 2020, foráil maidir le roinnt bearta státchabhrach atá i gcomhréir, dar leis an gCoimisiún, faoi Airteagal 107(3)(b) agus Airteagal 107(3)(c) CFAE, amhail méid cabhrach teoranta, buntáistí cánach roghnaithe agus ráthaíochtaí Stáit ar iasachtaí. Faoi dheireadh 2021, bhí an Coimisiún i ndiaidh níos mó ná 1 180 cinneadh a ghlacadh sna Ballstáit uile, lena n-áirítear iad siúd faoin gCreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach.

In 2021, mar shamplarinne an Coimisiún scéim EUR 800 milliún don Ghréig a fhormheas faoin gCreat Sealadach chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí a ndearna paindéim COVID- 19 difear diúltach dóibh[114]. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh gá leis an mbeart, agus go raibh sé iomchuí agus comhréireach chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar na Gréige a leigheas. Maidir leis an Iodáil, i mí Dheireadh Fómhair 2021, rinne an Coimisiún scéim EUR 31.9 billiún don Iodáil a fhormheas faoin gCreat Sealadach chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí a ndearna paindéim COVID- 19 difear diúltach dóibh[115].

Rinneadh cuid de na bearta sin a chómhaoiniú faoi bheartas comhtháthaithe, i ndiaidh an dá phacáiste beart a sheol an Coimisiún: an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII) agus an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus (CRII+) agus an pacáiste REACT- EU.

I mí an Mhárta 2021, rinne an Coimisiún scéim ráthaíochta Stát na Fraince suas go EUR 20 bhilliún a fhormheas d'fhonn tacaíocht a thabhairt don gheilleagar i gcomhthéacs phaindéim COVID- 19[116]. Cuireann an scéim maoiniú fadtéarmach ar fáil do chuideachtaí agus déanann sé infheistíochtaí nua a éascú chun tacaíocht a thabhairt maidir le téarnamh ó phaindéim COVID- 19.

### *Cinntí Státchabhrach bainteach le COVID-19 agus tionscnaimh bheartais*

I mí Lúnasa 2021, rinne an Coimisiún sraith ráthaíochtaí ar thráinsí urrúsaithe sintéiseacha a fhormheas faoin gCiste Ráthaíochta Eorpach arna bhainistiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta[117]. Tugann an tionscnamh seo tacaíocht do chuideachtaí a ndearna paindéim COVID- 19 difear diúltach dóibh i 22 Bhallstát rannpháirteacha[118].

---

(IO C 164, 13.5.2020, lch. 3), C(2020) 4509 (IO C 218, 2.7.2020, lch. 3), C(2020) 7127 (IO C 340I, 13.10.2020, lch. 1), C(2021) 564 (IO C 34, 1.2.2021, lch. 6) agus C(2021) 8442 (IO C 473, 24.11.2021, lch. 1).

[114] Cás SA.63123, *An Ghréig – COVID- 19: Tacaíocht d'earnáil na turasóireachta*, IO C 223, 11.6. 2021, lch 1.

[115] Cás SA.62668, *An Iodáil – COVID-19 – IT – Bearta cánach uathoibríocha agus deontais neamh- iníoctha*. Glacadh leis an gcinneadh faoi Airteagail 106(2), 107(2)(a), 107(2)(b) agus 107(2)(c) CFAE. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=3

[116] Cás SA.58639, *An Fhrainc – COVID- 19: Scéim ráthaíochta maidir le hiasachtaí rannpháirtíochta agus fofhiachais*, IO C 84, 12.3.2021, lch. 1.

[117] An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) atá i gceist.

[118] Féach preaseisiúint an Choimisiún an 16.8.2021, https://ec.europa.eu/coimisiún/presscorner/mionsonra/en/IP_21_4204.

### *Cinntí Státchabhrach faoi Airteagal 107(2)(b) CFAE*

Cuireann Airteagal 107(2)(b) CFAE ar chumas an Choimisiúin formheas a dhéanamh ar bhearta Státchabhrach arna dheonú ag na Ballstáit chun gnóthais a chúiteamh as damáiste de bharr tarluithe eisceachtúla amhail paindéim COVID- 19 (mar shampla sna hearnálacha iompair, cultúir, fáilteachais agus díolacháin miondíola). Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta cúitimh damáiste faoi Airteagal 107(2)(b) CFAE ar choinníoll go bhfuil an chabhair comhréireach agus go bhfuil nasc cúisíoch díreach idir an tarlú eisceachtúil (paindéim COVID- 19) agus an damáiste a d'fhulaing na tairbhithe[119].

Mar shampla, i mí Eanáir 2021 d'údaraigh an Coimisiún bratscéim Ghearmánach EUR 12 bhilliún chun cuideachtaí a chúiteamh as damáistí a d'fhulaing siad de bharr bearta sriantacha arna dtabhairt isteach chun srian a chur ar phaindéim COVID- 19[120]. Faoin scéim sin, beidh cuideachtaí ó gach earnáil i dteideal cúitimh maidir le damáistí a d'fhulaing siad le linn na dtréimhsí dianghlasála de thoradh na srianta a d'fhorchuir Rialtas na Gearmáine i mí an Mhárta/mí Aibreáin agus mí na Samhna/mí Nollag 2020.

I mí Aibréain 2021 d'údaraigh an Coimisiún faoi Airteagal 107(2)(b) CFAE scéim EUR 1,74 billiún sa Danmhairg chun feirmeoirí mince agus gnólachtaí bainteach le feirmeoireacht mince a chúiteamh as na bearta a glacadh i gcomhthéacs phaindéim COVID- 19[121]. I mí na Bealtaine 2021, d'údaraigh an Coimisiún scéim EUR 10 mbilliún sa Ghearmáin chun cuideachtaí i ngach earnáil a chúiteamh as damáiste a rinneadh de bharr na mbeart éigeandáil a glacadh chun srian a chur ar scaipeadh COVID- 19[122]. Thairis sin, i mí Iúil 2021 rinne an Coimisiún scéim EUR 800 milliún a fhormheas san Iodáil chun aerfoirt agus oibreoirí um sheirbhís ar an talamh a chúiteamh as an damáiste de bharr phaindéim COVID- 19 go háirithe, na srianta taistil a forchuireadh chun srian a chur ar scaipeadh an víris[123].

### *Státchabhair d'earnáil na heitlíochta*

I gcaitheamh 2021, bhí earnáil na heitlíochta fós ar cheann de na hearnálacha is mó atá buailte ag paindéim COVID- 19. Le linn na bliana sin, ghlac an Coimisiún 35 chinneadh a cheadaigh Státchabhair chuig gnóthais gníomhach in earnáil na heitlíochta chun a riachtanais leachtaigh agus caipitil de bharr phaindéim COVID- 19 a chomhlíonadh. Rinneadh na bearta Státchabhrach a fhormheas den chuid is mó faoin gCreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach nó faoi Airteagal 107(2)(b) CFAE.

Rinne an Coimisiún Státchabhair a fhormheas do na haerlínte Air France[124], TUI[125], Scandinavian Airlines Systems[126], Finnair[127] agus eile. Thairis sin, rinne an Coimisiún

[119] Mar shampla, damáiste de bharr bearta coraintín a chuireann cosc ar an tairbhí a ghníomhaíocht eacnamaíoch a oibriú. Déanfar meastóireacht ar shaghsanna eile cabhrach, a théann i ngleic ar bhealach níos ginearálta leis an sleabhcadh eacnamaíoch de dheasca phaindéim an choróinvíris, i gcomhréir le prionsabail na comhoiriúnachta a leagtar amach in Airteagal 107(3)(b) CFAE agus sa Chreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach.

[120] Cás SA.60045, *An Ghearmáin – Cúnamh Breise mhí na Samhna faoi Airteagal 107 (2)(b) CFAE-Covid,* IO C 41, 5.2.2021, lch. 1.

[121] Cás SA.61945, *An Danmhairg – Scéim cabhrach d'fheirmeoirí mince agus gnólachtaí gaolmhar a ndearna ráig COVID- 19 difear diúltach dóibh*, IO C 195, 21.5.2021, lch. 1.

[122] Cás SA.62784, *An Ghearmáin – COVID- 19 – Airt. 107 2b Bratscéim Fheidearálach*, IO C 223, 11.6.2021, lch. 1.

[123] Cás SA.63074, *An Iodáil – Scéim cúitimh damáiste do bhainisteoirí bonneagair aerfoirt agus oibreoirí um sheirbhís ar an talamh san Iodáil*, IO C 327, 13.8.2021, lch. 1.

[124] Cás SA.59913, *An Fhrainc – COVID- 19 – Athchaipitliú Air France agus Shealbhaíocht Air France – KLM*, IO C 240, 18.6.2021, lch. 1.

measúnú ar roinnt bearta tarrthála nó athstruchtúraithe d'aerlínte amhail TAP[128] agus Condor[129] agus d'údaraigh Státchabhair d'fhonn inmharthanacht fhadtéarmach na n-aerlínte sin a áirithiú.

I mí Mheán Fómhair 2021 ghlac an Coimisiún dhá chinneadh maidir leis an aerlíne Iodálach Alitalia. I ndiaidh imscrúdú gomhain maidir le dhá iasacht Stáit comhionann le ERU 900 milliún san iomlán a deonaíodh in 2017, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur Státchabhair neamhdhleathach neamh- chomhoiriúnach a bhí sa dá iasacht sin[130]. I gcinneadh ar leith[131], chinn an Coimisiún, maidir leis an Aerlíne Iodálach nua ITA atá chun cuid de shócmhainní Alitalia a ghlacadh chuige féin, nach bhfuil sé ina chomharba eacnamaíoch ar Alitalia agus dá bhrí sin nach bhfuil sé faoi dhliteanas an chabhair neamhdhleathach a fuair Alitalia a aisíoc. Thairis sin, chinn an Coimisiún go raibh an t-instealladh caipitil EUR 1,35 billiún in ITA i gcomhréir leis an margadh. Dá dhroim sin, ní Státchabhair a bhí sna hinstealltaí caipitil faoi rialacha an Aontais.

### *Thosaigh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag feidhmiú – ag ullmhú an bealach amach ón ngéarchéim*

Tháinig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021[132]. Maoiníonn sí athchóirithe agus infheistíochtaí sna Ballstáit ó thús na paindéime i mí Feabhra 2020 go dtí an 31 Nollaig 2026. Is é RRF an chuid is tábhachtaí de NextGenerationEU, ionstraim théarnaimh shealadach a chuireann ar chumas an Choimisiúin cistí a thiomsú chun an damáiste práinneach, idir eacnamaíoch agus sóisialta, a tharla mar gheall ar phaindéim COVID- 19 a chur ina cheart.

Is é aidhm RRF[133] ná tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID- 19 a mhaolú agus an tAontas a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe maidir le dúshláin agus deiseanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Cuireann RRF ar chumas an Choimisiúin cistí a thiomsú chun cabhrú leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme.

Chun leas a bhaint as tacaíocht RRF, ní mór do na Ballstáit Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Leagtar amach sna pleananna sin na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta phoiblí atá gach Ballstát ag beartú a chur chun feidhme le tacaíocht RRF. Chuir Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta treoraíocht ar fáil[134] a

[125] Cás SA.59812, *An Ghearmáin – COVID- 19 - Athchaipitliú TUI.*. Níl an leagan poiblí den chinneadh sin ar fáil go fóill. Féach: https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?fuseaction=dsp_result&policy_area_id=3

[126] Cás SA. 63898, *An tSualainn - COVID- 19 - Iasacht Stáit chuig Cuibhreannas SAS*, OJ C 33, 21.1.2022; agus SA. 63250, *an Danmhairg - COVID- 19 - Iasacht fhóirdheonaithe chuig SAS*, IO C 33, 21.1.2022.

[127] Cás SA.60113, *An Fhionlainn – Finnair COVID- 19 - iasacht hibrideach 107.2.b* IO C 240, 18.6.2021, lch. 1.

[128] Cás SA.60165 – An Phortaingéil - Cabhair athstruchtúraithe chuig TAP SGPS.

[129] Cás SA.63203, *An Ghearmáin – Athstruchtúrú Condor*, IO C 429, 15.4.2021.

[130] Cás SA.48171 – *An Iodáil – Gearáin maidir le Státchabhair líomhnaithe chuig Alitalia*.

[131] Cás SA.58173 – *An Iodáil – Newco ITA*; Féach Preaseisiúint an Choimisiúin an 10.9.2021, 'Chinn an Coimisiún nach bhfuil aeriompróir ITA ina chomharba eacnamaíoch ar Alitalia agus go bhfuil instealltaí caipitil na hIodáile in ITA i gcomhréir leis an margadh', ar fáil ag: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_4665

[132] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17–75.

[133] Féach an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, a thugann forbhreathnú maidir le conas atá cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ag déanamh dul chun cinn: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html

[134] Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/state-aid/coronavirus/rrf-guiding-templates_en

ghabhann le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus chun iad a éascú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil infheistíocht tacaithe agus tionscadail athchóirithe i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair. Chuir Ard- Stiúrthóireacht na hIomaíochta treoraíocht phraiticiúil ar fáil freisin do na Ballstáit chun láimhseáil ghasta a dhéanamh maidir leis na fógraí Státchabhrach a thagann faoi chuimsiú RRF[135].

## 6. Cur le Chéile agus Cultúr Iomaíochta Eorpach agus Domhanda á Chruthú

### 6.1. Beartas comhtháthaithe tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta

In 2021, lean an Coimisiún de bheith ag áirithiú chur i bhfeidhm comhleanúnach Airteagail 101 agus 102 tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta[136]. Dhá cheann de na sásraí lárnacha comhair agus tacaíochta i Rialachán 1/2003 ná uimhir a haon, oibleagáid na n-údarás iomaíochta náisiúnta an Coimisiún a chur ar an eolas faoi imscrúduithe nua atá cheana féin ag céim an chéad bhirt imscrúdaithigh fhoirmiúil, agus uimhir a dó, dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le haon chinneadh a d'fhéadfaidís a dhéanamh. In 2021, cuireadh tús le 145 imscrúdú nua laistigh den ghréasán agus cuireadh isteach 84 chinneadh bheartaithe.

Sa bhreis ar na sásraí comhair a leagtar amach i Rialachán 1/2003, déanann sásraí comhair eile ECN forfheidhmiú comhtháite rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh idir dlínsí a áirithiú. Bíonn cruinnithe rialta ag comhaltaí ECN chun idirphlé a dhéanamh i dtaca le cásanna a osclaíodh le déanaí, saincheisteanna beartais agus ábhair a mbaineann tábhacht straitéiseach leo. In 2021, thionóil meithleacha cothrománacha agus foghrúpaí earnáilsonracha 37 gcruinniú áit ar mhalartaigh oifigigh na n-údarás náisiúnta inniúil tuairimí agus taithí.

In 2021, rinne an Coimisiún faireachán ar na Ballstáit mar aon le cúnamh a thabhairt dóibh maidir lena n-iarrachtaí an Treoir i dtaca leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta+[137] a thrasuí sa dlí náisiúnta. B'éigean é seo a dhéanamh faoin 4 Feabhra 2021. I mí an Mhárta 2021, d'oscail an Coimisiún nósanna imeachta sáraithe in aghaidh 22 Bhallstát toisc gur mhainnigh siad fógra a thabhairt gur chuir siad an Treoir i dtaca leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta+ chun feidhme roimh an spriocdháta. As an 22 Bhallstát, thug 14 díobh fógra ina dhiaidh sin maidir le cur chun feidhme roimh dheireadh 2021. Roimh imeachtaí um shárú a dhúnadh, deimhneoidh an Coimisiún go bhfuiltear tar éis na Treorach i dtaca leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta a chur chun feidhme i gceart. In 2021, lean an Coimisiún de bheith ag cabhrú leis na Ballstáit eile nuair a bhí cur chun feidhme na Treorach á tabhairt chun críche.

[135] https://ec.europa.eu/competition/state_aid/what_is_new/practical_guidance_to_MS_for_notifications_under_RRF.pdf
[136] Fógra ón gCoimisiún faoi chomhar laistigh de Ghréasán na nÚdarás Iomaíochta, IO C 101, 27.04.2004, lgh 43-53 agus IO C 374, 13.10.2016, lch. 10. Féach: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A52004XC0427%2802%29.
[137] Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea- fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, IO L 11, 14.1.2019, lgh. 3–33.

## 6.2. Comhar maidir le beartas iomaíochta ar fud an domhain

### *Caidreamh iltaobhacha*

In 2021, lean an Coimisiún de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta maidir leis an iomaíocht amhail an Coiste Iomaíochta ECFE, an Gréasán Iomaíochta Idirnáisiúnta, agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt.

Ag cruinnithe Choiste Iomaíochta ECFE in 2021, ghlac an Coimisiún páirt i gcomhráite maidir le forfheidhmiú iomaíochta agus roghanna malartacha rialála, cláir chomhlíontachta iomaíochta, iomaíocht fhéideartha, modheolaíochtaí chun iomaíocht sa mhargadh a thomhas, cúrsaí comhshaoil san fhorfheidhmiú iomaíochta agus cur chun cinn neodrachta iomaíochta ag údaráis iomaíochta. Mar chomhchathaoirleach ar an Meitheal um Iompar Aontaobhach LII, lean an Coimisiún le tionscadal ilbhliantúil a dhéanann measúnú ar cheannasacht agus cumhacht mhargaidh i margaí digiteacha. In 2021, ghlac an Coimisiún páirt sa 19ú cruinniú de Ghrúpa Idir- Rialtasach Saineolaithe UNCTAD maidir le Dlí Iomaíochta agus Beartas.

Lean an Coimisiún lena iarrachtaí maidir le rialacha fóirdheontais idirnáisiúnta a fheabhsú. Tá athchóiriú na rialacha fóirdheontais ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Aontais agus athbhreithniú á dhéanamh ar rialacha trádála na hEagraíochta Trádála Domhanda, mar a deimhníodh sa ráiteas comhpháirteach ón Aontas Eorpach, na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin[138].

### *Caidreamh déthaobhach*

I mí na Nollag 2021, sheol an Coimisiún agus údaráis iomaíochta na Stát Aontaithe an tIdirphlé Comhpháirteach AE- SAM maidir le Beartas Iomaíochta Teicneolaíochta chun cineálacha cur chuige coiteanna a fhorbairt agus chun an comhar maidir le beartas iomaíochta agus forfheidhmiú beartas iomaíochta a threisiú sna hearnálacha teicneolaíochta[139]. D’fhan an Coimisiún i ndlúth- theagmháil le Coimisiún Cóir- Thrádála na Cóiré agus le Coimisiún Cóir- Thrádála na Seapáine faoi na comhaontuithe comhair faoi seach[140]. In 2021, lean an Coimisiún den chaibidlíocht leis an tSeapáin maidir leis an Dara Glúin de Chomhaontú um Chomhar Iomaíochta[141]. Maidir leis an dréacht- Dara Glúin de Chomhaontú um Chomhar idir AE agus Ceanada, bíonn an Coimisiún i dteagmháil go tráthrialta le Biúró Iomaíochta Cheanada chun teacht ar réiteach i dtaca le caighdeáin cosanta sonraí i gCeanada atá comhsheasmhach leis na caighdeáin a leagadh síos sa Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le Comhaontú 2014 idir AE agus Ceanada maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí[142]. Ar deireadh, lean an Coimisiún dá dhlúthchomhar maidir le beartas iomaíochta le Riarachán Stáit um Rialachán Mhargaidh na Síne faoi na comhaontuithe comhair 2019[143].

---

[138] Féach: https://trade.ec.europa.eu/doclib/press/index.cfm?id=2330
[139] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_21_6671
[140] Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/international/bilateral-relations/korea_en; https://ec.europa.eu/competition-policy/international/bilateral-relations/japan_en.
[141] Féach: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX:22003A0722(01)
[142] Féach: http://curia.europa.eu/juris/liste.jsf?pro=AVIS&num=C-1/15. Currently, Canada is preparing an overhaul of its domestic privacy act.
[143] Féach: https://ec.europa.eu/competition-policy/international/bilateral-relations/china_en

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún forálacha maidir le hiomaíocht agus rialú Státchabhrach a chur isteach agus caibidlíocht á déanamh i dtaca le Comhaontuithe Saorthrádála. In 2021, lean an Coimisiún den chaibidlíocht maidir le Comhaontuithe Saorthrádála leis an Astráil, an Asarbaiseáin, an tSile, an Indinéis, an Nua- Shéalainn agus an Úisbéiceastáin.

I gcás na dtíortha iarrthacha agus na n-iarrthóirí ionchasacha, is é príomhchuspóir beartais an Choimisiúin ná cuidiú leo agus creataí dlí á nglacadh acu le haghaidh beartas iomaíochta, údaráis iomaíochta dhea- fheidhmiúla atá neamhspleách go hoibríochtúil a chruthú agus taifid láidir fhorfheidhmiúcháin a fhorbairt. In 2021, lean an Coimisiún de bheith ag déanamh faireacháin ar thíortha is iarrthóirí agus ar thíortha is iarrthóirí ionchasacha ar an gcaoi a bhfuil siad ag comhlíonadh a ngealltanas faoi na comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.

Chun comhar a fhorbairt i réimse na hiomaíochta, lean an Coimisiún i mbun cainte le roinnt údaráis náisiúnta agus réigiúnacha san Afraic. In 2021, rinne an Coimisiún ceardlanna comhpháirteacha le Coimisiún Iomaíochta na hAfraice Theas a óstáil maidir le gnéithe digiteacha den bheartas iomaíochta agus maidir le comhar idir údaráis iomaíochta.

*Idirphlé idirinstitiúideach tráthrialta cuiditheach*

Is comhpháirtithe tábhachtacha don Choimisiún iad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún san idirphlé leanúnach maidir le beartas iomaíochta. D’ainneoin phaindéim COVID- 19, leanadh den idirphlé in 2021 trí chruinnithe i bpearsa agus trí rannpháirtíocht chianda.

I bParlaimint na hEorpa, ghlac an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt in 2021 i roinnt malartuithe tuairimí, lena n-áirítear idirphlé maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha sa Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, sa Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus sa Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh. Thairis sin, bhí malartú tuairimí ag an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager leis an bhFochoiste um Chúrsaí Cánach maidir le cánachas digiteach agus Státchabhair i réimse na cánach. Ina theannta sin, ghlac an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt i ndíospóireachtaí iomlánacha maidir le beartas iomaíochta; i ndáil leis na treoirlínte maidir le Státchabhair don Aeráid, don Fhuinneamh agus don Chomhshaol, i ndáil leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus i ndáil leis an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM. Ar deireadh, ghlac an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt i roinnt idirphlé struchtúrtha le coistí Pharlaimint na hEorpa, mar shampla in idirphlé struchtúrtha leis an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta.

Ina freagra i scríbhinn ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar rún na Parlaiminte maidir leis an mbeartas iomaíochta (an rapóirtéir Van Overtveldt; ECR, BE), chuir an Coimisiún i dtábhacht, i measc nithe eile, glacadh an Chreata Shealadaigh maidir le bearta Státchabhrach, géarchéim COVID- 19, imscrúduithe ar chleachtais rialaithe cánach na mBallstát agus athruithe ar reachtaíocht chánach. Thairis sin, tharraing an Coimisiún aird ar an togra maidir le hIonstraim um Margaí Digiteacha agus ar an athbhreithniú leanúnach ar na rialacha maidir le Státchabhair (go háirithe an t-athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le Státchabhair i dtaca le fuinneamh agus comhshaol a lean an tseiceáil oiriúnachta, mar a ghairtear di).

In 2021, sa Chomhairle, ghlac an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt i malartú tuairimí agus i ndíospóireachtaí maidir le cúrsaí beartais iomaíochta, lena n-áirítear roinnt cruinnithe den Chomhairle Iomaíochais — an Margadh Inmheánach agus tionscail.



An Coimisiún Eorpach
IOMAÍOCHT
FORFHEIDHMIÚ IOMAÍOCHTA IN AGHAIDH TRUSTAÍ AGUS CAIRTÉAL 2021
Físchluichí
TEICNEOLAÍOCHT CHUMARSÁIDE AGUS FAISNÉISE
Geobhlocáil
Fíneáil: €7,8 milliún
Eanáir 2021
Mondelez
BIA
Trádáil chomhthreomhar a shrianadh
Oscailt imscrúdaithe
Eanáir 2021
Aspen
CÓGAISÍOCHT
Mí-úsáid ceannasachta: praghsáil iomarcach
Cinneadh Gealltanas
Feabhra 2021
Public Power Corporation
FUINNEAMH
Mí-úsáid ceannasachta: straitéisí imthairiscintí creiche
Oscailt imscrúdaithe
Márta 2021
Teva
CÓGAISÍOCHT
Mí-úsáid ceannasachta. Saorga síneadh ar eisiachas margaidh
Oscailt imscrúdaithe
Márta 2021
EPEX Spot
FUINNEAMH
Mí-úsáid ceannasachta: bac a chur ar ghníomhaíochtaí iomaitheoirí
Oscailt imscrúdaithe
Márta 2021
Transporte ferroviario de carga
IOMPAR
Cairtéal: leithdháileadh custaiméirí
Fíneáil: €48 milliún
Aibreán 2021
EIRD
AIRGEADAS
Cairtéal: malartú faisnéise i Euro Ráta Úis Díorthaigh Cinneadh athghlactha
Fíneáil: €31,7 milliún
Meitheamh 2021
Insurance Ireland
ÁRACHAS MÓTARFHEITHICLÍ
Srian a chur ar rochtain ar shonraí
Ráiteas Agóidí
Meitheamh 2021
Facebook
TEICNEOLAÍOCHT CHUMARSÁIDE AGUS FAISNÉISE
Mí-úsáid ceannasachta: mí-úsáid sonraí a fuarthas ó fhógróirí seachtracha
Oscailt imscrúdaithe
Meitheamh 2021
ICAP
AIRGEADAS
Éascaitheoir cairtéil Ráta Úis Yen Díorthaigh Cinneadh maidir le hath-ghlacadh
Fíneáil: €6,45 milliún
Bealtaine 2021
Bannaí Rialtais Eorpacha
AIRGEADAS
Cairtéal: malartú faisnéise íogaire tráchtála
Fíneáil: €371 mhilliún
Bealtaine 2021
Bannaí Supra--Sovereign, Sovereign and Agency (SSA)
AIRGEADAS
Cairtéal: malartú faisnéise íogaire tráchtála
Fíneáil: €28 milliún
Aibreán 2021
Apple
TEICNEOLAÍOCHT CHUMARSÁIDE AGUS FAISNÉISE
Apple Music Streaming Mí-úsáid ceannasachta Cleachtais App Store
Ráiteas Agóidí
Aibreán 2021
Google
TEICNEOLAÍOCHT CHUMARSÁIDE AGUS FAISNÉISE
Google Data agus Adtech Mí-úsáid ceannasachta Sraith cleachtas a threisíonn cumhacht mhargaidh Google san fhógraíocht taispeána
Oscailt imscrúdaithe
Meitheamh 2021
Astaíochtaí gluaisteáin
MÓTARFHEITHICLÍ
Cairtéal: claonpháirteachas maidir le nuálaíocht
Fíneáil: €875 mhilliún
Iúil 2021
Public Power Corporation
FUINNEAMH
Cearta eisiacha a dheonú. Cur i bhfeidhm Airteagal 106 CFAE
Cinneadh Gealltanas
Fómhair 2021
Conserve Italia
BIA
Cairtéal: socrú praghsanna
Fíneáil: €20 milliún
Samhain 2021
Margadh airgeadraí eachtracha
AIRGEADAS
Cairtéal: Malartú faisnéise íogaire tráchtála
Fíneáil: €334 395 mhilliún
Nollaig 2021
Abengoa
EATÁNÓL
Cairtéal: Iompraíocht trádála comhordaithe
Fíneáil: €20 mhilliún
Nollaig 2021
Cinneadh críochnaitheach
Oscailt imscrúdaithe
Ráiteas Agóidí



RIALÚ CUMASC AE 2021
An Coimisiún Eorpach
IOMAÍOCHT
Faigheann London Stock Exchange Group (LSEG) Refinitiv
RIARACHÁN MARGAÍ AIRGEADAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ CÚNTACHA ÁIRITHE
Cinneadh gealltanas chéim 2
Difheistiú: 99,9 % in Borsa Italiana Group; leanúint le seirbhísí imréitigh díorthach rátaí úis thar an gcuntar; rochtain ar shonraí maidir le hiomaitheoirí iartheachtacha
13 Eanáir 2021
Éadáil Chantiers de l'Atlantique ag Fincantieri
TÓGÁIL LONG AGUS STRUCHTÚR SNÁMHA
Oscailt imscrúdú chéim 2 an 30 Deireadh Fómhair 2019
Tarraingt siar fógra an 2 Feabhra 2021
2 Feabhra 2021
Faigheann Mitsui Belchim
LOTNAIDICÍDÍ, TÁIRGÍ AGRAICEIMICEACHA, MÓRDHÍOL TÁIRGE CHEIMICIGH
Cinneadh Gealltanas Chéim 1 Gealltanais: Comhshocrú dáileacháin agus caidrimh le custaiméirí Mitsui a aistriú le haghaidh rialaitheoirí fáis plandaí prátaí. I gcás teipe, comhshocrú Belchim a aistriú le haghaidh táirge rialaitheoirí fáis plandaí
11 Feabhra 2021
Novelis/Aleris
TÁIRGÍ ALÚMANAIM
Cinneadh gealltanas chéim 2
Glacadh Beart chun Difheistiú a Chaomhnú
18 Feabhra 2021
Faigheann Siemens AG Varian Medical Systems
IOMHÁÚ LIACHTA AGUS RÉITIGH RADAITEIRIPE
Cinneadh Gealltanas Chéim 1
Gealltanas: Idir-inoibritheacht maidir le réitigh íomhánna liachta a áirithiú
19 Feabhra 2021
Faigheann Danfoss Eaton Hydraulics
COMHPHÁIRTEANNA HIODRÁLACHA
Cinneadh Gealltanas Chéim 2
Difheistiú: codanna de ghnólachtaí HSU/ESV/cuar-mhótar sa Pholainn, sa Ghearmáin agus sna Stáit Aontaithe. Línte táirgthe agus sócmhainní do chuar-mhótair ar mheánchumhacht a aistriú
18 Márta 2021
Faigheann EssilorLuxottica GrandVision
EARRAÍ SÚL AGUS TÁIRGÍ OPTÚLA
Cinneadh Gealltanas Chéim 2
Difheistiú: Oibríochtaí miondíola sa Bheilg, san Iodáil agus san Ísiltír
23 Márta 2021
Éadáil Transat ag Air Canada
SEIRBHÍSÍ AERIOMPAIR PAISINÉIRÍ SCEIDEALAITHE
Oscailt imscrúdú chéim 2 an 25 Bealtaine 2020
Tarraingt siar fógra an 2 Aibreán 2021
2 Aibreán 2021
Faigheann Schwarz Group Suez Waste Management ó DE, LUX, NL agus PL
BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA
nneadh Gealltanas Chéim 1
Difheistiú: An méid iomlán de ghnó sórtála ar phacáistíocht éadrom Suez san Ísiltír
14 Aibreán 2021
Sigma/Aldrich
CEIMICEÁIN SAOTHARLAINNE
Cinneadh sáraithe – fíneáil €7,5 milliún
Faisnéis bhréagach a sholáthar le linn imscrúdú táthcheangail Merck
3 Bealtaine 2021
Éadáil Willis Towers Watson ag Aon
SEIRBHÍSÍ ÁRACHAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA
Cinneadh Gealltanas Chéim 2
Difheistiú: Gnó bróicéireachta athárachais/riosca tráchtála WTW go Gallagher, chomh maith le scéim pinsin agus infheistíochta Ghearmánach
9 Iúil 2021
Éadáil Telekom Romania ag Orange
SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE
Cinneadh Gealltanas Chéim 1
Difheistiú: Scairshealbhú 30 % TKR in Telekom Romania
28 Iúil 2021
Illumina/Grail
CÓGAISÍOCHT
Ráiteas Agóidí Bearta Eatramhacha Sárú líomhnaithe ar an oibleagáid neamhghníomhaíochta
20 Meán Fómhair 2021
Éadáil IHS Markit ag S&P Global
SONRAÍ TRÁCHTEARRAÍ AGUS AIRGEADAIS
Cinneadh Gealltanas Chéim 1
Difheistithe: gnólachtaí i measúnuithe tráchtearraí agus sonraí airgeadais
22 Deireadh Fómhair 2021
Illumina/Grail
CÓGAISÍOCHT
Bearta Eatramhacha i ndiaidh sárú ar an oibleagáid neamhghníomhaíochta
29 Deireadh Fómhair 2021
Éadáil Suez ag Veolia
BAILIÚ, CÓIREÁIL AGUS SOLÁTHAR UISCE
Cinneadh Gealltanas Chéim 1
Difheistiú: gníomhaíochtaí bainistíochta dramhaíola agus uisce sa Fhrainc. Seirbhísí soghluaiste uisce in LEE. Gníomhaíochtaí dramhaíola guaisí
14 Nollaig 2021
Derichebourg Environnement/Groupe Ecore Holding
ATHCHÚRSÁIL DRAMH-MHIOTAIL
Cinneadh Gealltanas Chéim 1
Difheistiú: 4 ghléasra athchúrsála, ina bhfuil miongheartthóir agus 4 shuíomh bailithe sa Fhrainc
16 Nollaig 2021
Éadáil Air Europa ag IAG
SEIRBHÍSÍ AERIOMPAIR LASTA AGUS PAISINÉIRÍ
Oscailt Imscrúdú Chéim 2 an 29 Meitheamh 2021
Tarraingt siar fógra an 16 Nollaig 2021
16 Nollaig 2021
Cinneadh Chéim 1 le réitigh
Cinneadh Chéim 2 le réitigh
Cinneadh Chéim 2 gan réitigh
Osclaíodh Céim 2 ach caitheadh an margadh i dtraipisí
Sárú ar Nós Imeachta
Idirbheart Toirmiscthe